




Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2009



Cuirim isteach leis seo mo Thuarascáil Bhliantúil mar Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann don bhliain 2009, de bhun Alt 7 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Seo an ceathrú Thuarascáil Bhliantúil a cuireadh isteach maidir le hobair an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, ó bunaíodh é ar an 1 Nollaig 2005.



Paulyn Marrinan Quinn, SC
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

ARNA FHOILSIÚ AG
OMBUDSMAN D'ÓGLAIGH NA hÉIREANN
© 2010

ARNA DHEARADH AG
WWW.LANGUAGE.IE

Clár

- 5 **Rannóg I**
Réamhra
- 9 **Rannóg II**
Buaicphointí 2009
- 11 **Rannóg III**
Anailís ar Ghearáin & Achomhairc
- 17 **Rannóg IV**
Gnóthaí Corparáideacha
- 21 **Rannóg V**
Saolré Ghearáin
- 23 **Rannóg VI**
Cás-staidéir
- 41 **Rannóg VII**
Achoimre ar Cheithre Bliana Oibre ag an
Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann
- 47 **Rannóg VIII**
Léargas Gearr ar Phríomhghníomhaíocht
- 50 **Rannóg IX**
Éachtaí
- 56 **Rannóg X**
Iarfhocal ag Dr. Eileen Doyle

*Athruithe leanúnacha le feiceáil go soiléir
laistigh d'Óglaigh na hÉireann mar
thoradh ar mholtaí an Ombudsman.*

Sliocht ó 'Buaicphointí 2009'

Rannóg I

Réamhra

Bhí Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann (OÓÉ) ag oibriú don cheathrú bliain iomlán i 2009 agus bliain tháirgiúil agus shuimiúil a bhí ann don Oifig agam.

Tugann na staitisticí atá ar áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil seo urchar reatha ar ghníomhaíocht OÓÉ i gcaitheamh na bliana 2009. Don dara bliain as a chéile, bhreithnigh mé go mionsonraithe ar bhreis agus 100 cás agus eisíodh breis agus 30 Tuarascáil Deiridh.

Deimhníonn na staitisticí seo an ról lárnach a ghlacann OÓÉ anois i gcasaidí laistigh d'Óglaigh na hÉireann a réiteach. Go díreach tar éis ceithre bliana a bheith ag oibriú, ceapaim gur féidir a rá go réasúnta go bhfuil muinín ag comhaltaí, agus ag iarchomhaltaí Óglaigh na hÉireann san OÓÉ agus go bhfuil siad sásta a gcásanna a tharchur chuig an Oifig agam chun breithniú neamhspleách agus neamhchlaonta a dhéanamh orthu.

Aithnítear go forleathan, áfach, nach féidir tréachur staitistiúil amháin, thar thréimhse ama shainithe, a úsáid chun an tionchar agus luach ar airgead a sholáthraíonn an tOmbudsman a mheas. Athruithe ar chleachtas, ar bheartas, agus ar an gcultúr ar ndóigh, laistigh den eagraíocht, a thagann den mhaoirseacht neamhspleách a sholáthraíonn an tOmbudsman, tá luach fadtéarmach orthu a théann thar an tionchar a thugtar cur síos air sa Tuarascáil Bhliantúil, tuarascáil a bhíonn bunaithe ar bhliain féilire amháin.

Mar shampla, sa bhliain 2009, ghlac an tAire Cosanta agus na húdaráis mhíleata le roinnt de na moltaí ar ábhair shistéamacha agam sna Tuarascálacha Deiridh. Athruithe a thagann de na moltaí seo, ní dhíreofar iad ar an gcasaid sa chás aonair amháin ach cinnteoidh siad freisin nach dtiocfaidh drochchleachtais roimh chomhaltaí eile Óglaigh na hÉireann san am atá le teacht, nó dea-chleachtais a chuirfear chun feidhme go holc iad.

Arís, ba iad na moltaí agam a thig as cásanna sa bhliain 2009 ba chúis le hathrú laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Mar shampla, shocraigh an tAire Cosanta agus na húdaráis mhíleata:

- Go n-aistreoidh boird agallaimh go dtí tábla pointí nó mairtís mharcála a úsáid, ionas go bhféadfadh gach iarrthóir tomhas oibiachtúil a bheith aige/aici ar a f(h)eidhmíocht agallaimh;
- Go ndéanfar scrúdú ar shlí níos doimhne agus níos struchtúrtha chun aiseolas a sholáthar do na hiarrthóirí ONC a theipeann orthu sna próisis roghnúcháin;
- Go gcinnteofar go bhfógrófar Cúrsaí Athnuachana/Athbhailíochtaithe san am atá le teacht agus go mbeidh siad ar oscailt do gach iarrthóir cáilithe;
- Go gcuirfear dátaí agallaimh in iúl go réasúnach roimh ré do na hiarrthóirí i gcomórtais roghnúcháin.

Dúirt mé sa Tuarascáil Bhliantúil anuraidh go ndéanfainn cleachtadh iniúchta ar impleachtaí na moltaí agam agus monatóireacht ar cé acu an bhfuil na hathruithe curtha i bhfeidhm i gceart. Tá athbhreithniú curtha san áireamh agam, dá bhrí sin, sa Tuarascáil Bhliantúil seo, de na moltaí a cuimsíodh sna Tuarascálacha Deiridh agam ón mbliain 2006 ar aghaidh, den

fhreagra ón Aire agus ó na húdaráis mhíleata agus de thionchar na n-athruithe seo. Tá súil agam go mór go soláthróidh sé seo cuntas níos cuimsithí do pháirtithe leasmhara OÓÉ ar an tionchar agus an luach a sholáthraíonn an Oifig agam, ar féidir iad a chur in iúl de ghnáth sa chuntas bliantúil gníomhaíochta a chuimsítear i dTuarascáil thraidisiúnta Bhliantúil.

Is minic a théann obair an Ombudsman thar na cinntí agus na moltaí áirithe i gcás aonair, ar ndóigh. Mar a thug mé faoi deara sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo, nuair a bunaíodh an Oifig agam, bhí an-suim ag páirtithe idirnáisiúnta inti a ghlacann páirt i ndíospóidí i gcomhthéacs míleata a réiteach go cóir. Is téama athfhillteach é i malartuithe le comhghleacaithe ó thar lear, ar an tionchar ag an Oifig Institiúide Ombudsman Míleata, ná an t-athrú cultúrtha ar féidir tarlú nuair a bhíonn Oifig neamhspleách agus neamhchlaonta ann a bhíonn freagrach as maoirseacht agus imscrúdú. Do roinnt tíortha, nach gcuirtear saoirsí bunúsacha agus cearta daonna chomhaltaí na bhfórsaí armtha ar aghaidh iontu, baineann mórímpleachtaí le hOmbudsman neamhspleách a bheith ann, atá bunaithe ar an dlí. Tá éifeachtacht na hOifige OÓÉ, i dtéarmaí réadacha, suimiúil do na dlínsí ag dul in achrann dúshlán dlíthiúil agus institiúideach, a bhaineann leis an gcoincheap chun maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar nósanna imeachta agus cleachtais riaracháin mhíleata.

Le ceithre bliana anuas, d'oibrigh an OÓÉ go dian chun an sainordú reachtúil a chomhlíonadh, a sholáthraítear san Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, ní foláir dom aitheantas a thabhairt do ról Willie O'Dea, TD, mar Aire Cosanta, i gcaitheamh an ama sin. Bíonn méid teannais chuidithigh, ar ndóigh, sa ghaol idir an tOmbudsman, a d'fhéadfadh dearcadh criticiúil a bheith aige/aici ar chleachtais agus beartais reatha, agus an tAire. Bhí Willie O'Dea ina Aire nuair a ceapadh mé agus nuair a cuireadh tús leis an oibríocht 'úrnu' ar dtús. Thug an tAire O'Dea tacaíocht do ról agus cuspóirí an OÓÉ agus bhí meas aige don Oifig agam. Aithnítear go forleathan an cúnamh a thug sé don OÓÉ a chur ar bun i struchtúr míleata na hÉireann. Táim ag tnúth le gaol dearfach den chineál céanna a fhorbairt leis an Aire Cosanta, Tony Killeen, TD, a ceapadh le déanaí.

Ba mhaith liom a chur in iúl go poiblí freisin an t-aitheantas a thugaim don chomhar leanúnach a fuair mé ón gCeann Foirne, Leifteanantghinearál Dermot Earley, a Ghinearáil, an ceannas míleata agus an fhoireann, i gcúrsa na bliana 2009.

Cuireann an tAcht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004 ó chumas orm freisin tús a chur le himscrúdú ar ghearáin a bhaineann le hábhair phinsin. Sa bhliain 2009, tháinig sé chás dá leithéid chun cinn tríd an bpróiseas SiÉ (Sásamh in Éagóracha) nó fuarthas iad ó iarchomhaltaí Óglaigh na hÉireann go díreach. Cé nach raibh mé ábalta glacadh leis na cásanna chun imscrúdú a dhéanamh orthu, d'oibrigh mé féin agus an tOmbudsman do Phinsin, an tUasal Paul Kenny as lámha a chéile – bhí an tUasal Kelly sásta féachaint ar na cásanna chun a fheiceáil an raibh siad faoi shainchúram aige. Ní foláir dom buíochas a ghabháil leis an Ombudsman do Phinsin as a bheith ullamh cabhrú liom agus cuirim fáilte roimh an gcomhar cuiditheach seo.

Sa bhliain 2009, b'éigean don Oifig agam plé leis an dara riar cásanna is airde aici riamh, agus le roinnt dúshlán institiúideach eile. Díritear go príomha i gcónaí ar leas chomhaltaí agus iarchomhaltaí Óglaigh na hÉireann. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt sa Tuarascáil Bhliantúil seo don chúnamh a fuair mé ón fhoireann bheag agam, i gcaitheamh na bliana 2009. B'éigean don Uasal Patrick Mulhall, an tUasal Wesley Graham agus Iníon Geraldine Keegan obair go crua i rith na bliana 2009 agus tá mo bhuíochas bainte acu.

RANNÓG I

RÉAMHRA

*Ag leanúint mholtaí an Ombudsman, thug an
Ceann Foirne ordú go mbeadh an ceart anois ag gach
comhalta Óglaigh na hÉireann an t-eolas a fheiceáil
a chuimsítear ina c(h)omhaid phearsanta.*

Sliocht ó 'Buaicphointí 2009'

Rannóg II

Buaicphointí 2009

- Athruithe leanúnacha le feiceáil go soiléir laistigh d’Óglaigh na hÉireann mar thoradh ar mholtaí an Ombudsman.
- Ag leanúint mholtaí an Ombudsman, thug an Ceann Foirne ordú go mbeadh an ceart anois ag gach comhalta Óglaigh na hÉireann an t-eolas a fheiceáil a chuimsítear ina c(h)omhaid phearsanta.
- Mar thoradh ar na tuairimí agus cinntí sna scrúduithe ag an Ombudsman ar chásanna difriúla, d’aontaigh an Ceann Foirne tús a chur le hathbhreithniú ar an gcóras reatha chun tuarascálacha measúnaithe pearsanta a chur le chéile agus a thaifeadadh, don phearsanra liostáilte agus d’oifigigh neamhchoimisiúnta.
- Mar thoradh ar chinntí agus moltaí an Ombudsman a bhain le himscrúdú ar ghearáin aonair, ghlac an tAire Cosanta agus Óglaigh na hÉireann mar chúram orthu féin athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta in úsáid ag na boird ardú céime agus roghnúcháin, agus tiomnaíonn siad iad féin do thábla pointí nó mairtís mharcála a úsáid, ionas go bhféadfaí tomhas oibiachtúil a thabhairt do gach iarrthóir ar a f(h)eidhmíocht agallaimh.
- Sheas an tOmbudsman le 74% de na gearáin a tarchuireadh chuici.
- Rinne an tOmbudsman iniúchadh ar cé acu ar glacadh leis na moltaí aici, ar chleachtais agus ar nósanna imeachta Óglaigh na hÉireann, agus ar cuireadh i bhfeidhm iad, ó bunaíodh an Oifig aici.
- Chuir Oifig an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais i gcrích go sásúil.
- Tugadh cuireadh don Ombudsman aitheasc a thabhairt ag an gcéad Chomhdháil d’Institiúidí Ombudsman Míleata i mBeirlín, a thionóil Coimisinéir Parlaiminte na Gearmáine do na Fórsaí Armtha.¹
- Thug an tOmbudsman aitheasc os comhair lucht féachana idirnáisiúnta ar an gcúrsa ‘Oiliúnóirí a Oiliúnú’ ag Scoil Oiliúna na Náisiún Aontaithe in Éirinn (SONAÉ), Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, Campa an Churraigh. Dhírigh an t-aitheasc ar chearta daonna, saoirsí bunúsacha agus leas an phearsanra mhíleata a chosaint, agus bunaíodh é ar thaithí an Ombudsman mar chomhalta den Mheitheal Saineolaithe OSCE-ODIHR, a thionóil an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhar san Eoraip – Oifig na nInstitiúidí Daonlathacha agus Cearta Daonna agus an Lárionad do Rialú Daonlathach ar na bhFórsaí Armtha (DCAF), atá bunaithe sa Ghinéiv.
- D’oibrigh Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann agus an tOmbudsman do Phinsin, an tUasal Paul Kenny, as lámha a chéile, agus iarrachtaí á ndéanamh acu chun a bhunú cé acu arbh fhéidir díospóidí a réiteach, a bhain le pinsin, nach raibh cead ag OÓÉ imscrúdú a dhéanamh orthu.

*Mar thoradh ar na tuairimí agus cinntí sna scrúduithe
ag an Ombudsman ar chásanna difriúla, d'aontaigh an
Ceann Foirne tús a chur le hathbhreithniú ar an gcóras
reatha chun tuarascálacha measúnaithe pearsanta
a chur le chéile agus a thaifeadadh, don phearsanra
liostáilte agus d'oifigigh neamhchoimisiúnta.*

Sliocht ó 'Buaicphointí 2009'

Rannóg III

Anailís ar Ghearáin & Achomhairc

Fógraí Gearán (FGnna) Glactha Faoi Alt 114 den Acht Cosanta, 1954

Sular féidir le comhalta ar seirbhís den Bhuanfhórsa Cosanta nó de na hÓglaigh Chúltaca achomharc a tharchur chuig an Oifig agam, ní foláir dó nó di an gearán a thaisceadh ar dtús tríd an nós imeachta Sásamh in Éagóracha (SiÉ) d'Óglaigh na hÉireann, a bunaíodh faoin Acht Cosanta 1954.

De réir Alt 13 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004, ní foláir a leithéid de ghearáin a chur in iúl i scríbhinn, ag úsáid na Foirme um Fhógra Gearán (FG), don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann agus don Aire Cosanta. Is féidir maoirseacht thábhachtach shibhialta ar an bpróiseas inmheánach casaoide laistigh d'Óglaigh na hÉireann a dhéanamh leis an gcóras seo agus cinntíonn sé cosaint na ngearán go léir a chuir comhaltaí faoina bhráid.

Déanann an Oifig agam dlúthmhaoirseacht ar na FGnna go léir a ghlactar leo agus leanann sí go gníomhach iad leis na húdaráis mhíleata chun stádas gach gearáin sa chóras SiÉ a leanúint. Ceann de na chéad rudaí a rinne mé nuair a ceapadh mé ná córas ordaithe ríomhairithe a chruthú chun gearáin a láimhseáil, a chabhródh liom le cásanna a riaradh. Acmhainn agus uirlis thábhachtach ba ea é seo a chuir ar mo chumas monatóireacht a dhéanamh ar ghearáin agus cásanna, agus iad a leanúint.

Sa bhliain 2009, cuireadh in iúl dom gur taisceadh 84 chás tríd an nós imeachta SiÉ.


As 84 chás:

- Achomharcadh 15 chugam;
- Réitíodh 16 go hinmheánach tríd an bpróiseas sié;
- Bhí 51 ghearán fós á bpróiseáil faoi sié amhail an 31 nollaig 2009;
- Dhún an oifig agam 2 ghearán mar chásanna a bhí imithe as feidhm nó in éag.

Is laghdú é seo ar na Fógraí Gearán glactha ag an Oifig agam sna blianta 2008 agus 2007.

D'fhéadfadh laghdú na bliana seo a léiriú go bhfuil athchóirithe ar chleachtais áirithe riaracháin, a bhí mar chúis le mórchuid casaoidí, curtha i bhfeidhm de thoradh ar na moltaí agam.

Is é an cás freisin, ar ndóigh, gur bhain cuid suntasach de na gearáin a próiseáladh trí SiÉ le díospóidí maidir le hardú céime agus comórtais sheirbhíse thar lear. Cé gur tháinig laghdú ar an ngníomhaíocht ghinearálta san dá earnáil seo, i gcaitheamh an 12 mhí seo caite, de bharr an mhoratorium go príomha, is dóigh gur chuir sé seo le laghdú ar na cásanna á bpróiseáil trí SiÉ.



Gearáin a ghlac Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann go díreach leo

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009

OMBUDSMAN D'ÓGLAIGH
NA hÉIREANN

Ní úsáideann iarchomhaltaí Óglaigh na hÉireann an próiseas SiÉ agus is féidir leo a ngearán a tharchur go díreach chuig an Oifig agam ar an gcoinníoll go raibh siad ar seirbhís ag am na gníomhaíochta líomhnaithe, agus go ndéantar an gearán i gcoinne comhalta éigin eile a bhí ar seirbhís an tráth sin freisin. Ní foláir dóibh an gearán a tharchur chugam tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dháta na gníomhaíochta líomhnaithe nó ón am ar cuireadh iad ar eolas fúithi.


Ina theannta sin, gearán a bhaineann le gníomhaíochtaí líomhnaithe státseirbhísigh a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach aige ar chomhalta reatha nó iarchomhalta Óglaigh na hÉireann, féadfar é a tharchur go díreach chugam.

Sa bhliain 2009, tarchuireadh 16 ghearán chuig an Oifig agam go díreach.

Iomlán na ngearán nó na n-achomharc tarchurtha sa bhliain 2009

Sa bhliain 2009, rinne an Oifig agam imscrúdú ar 105 ghearán.

- Bhí 15 chás bunaithe ar na gearáin a próiseáladh trí sié sa bhliain 2009;
- Bhí 19 gcás bunaithe ar na gearáin a próiseáladh trí sié sa bhliain 2008 agus a achomharcadh chuig an oifig agam sa bhliain 2009;
- Cuireadh 2 ghearán faoi bhráid na hoifige agam go díreach;
- Bhí 69 gcás fós ar láimh amhail an 31 nollaig 2008, agus tugadh ar aghaidh iad.



Gearáin nó achomhairc a measadh a bheith Taobh Amuigh de na Téarmaí Tagartha

De bhreis ar na 105 chás thuasluaite, rinne mé scrúdú ar 15 chás eile a measadh ar deireadh go raibh siad taobh amuigh de théarmaí tagartha na hOifige agam. Tharraing an Gearánach ceithre chás eile siar nó dúnadh iad.

As na 15 chás a measadh a bheith Taobh Amuigh de na Téarmaí Tagartha:

- Bhí 2 chás ina ábhar d'imeachtaí dlíthiúla nó imeachtaí araíonachta Óglaigh na hÉireann;
- Bhí 2 chás taobh amuigh de na téarmaí tagartha mar níor úsáid na gearánaigh an próiseas sié ar an gcéad dul síos;
- Measadh go raibh 2 chás taobh amuigh de na téarmaí tagartha mar níor tháinig an gearánach faoin sainmhíniú ar chomhalta reatha nó iarchomhalta Óglaigh na hÉireann;
- Measadh go raibh 3 chás taobh amuigh de na téarmaí tagartha mar bhí an ghníomhaíocht líomhnaithe lasmuigh den tréimhse ama leagtha síos san acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann). Tá an ceart ag na gearánaigh a ngearán a thabhairt go díreach go dtí an aire cosanta;
- Bhain 6 chás le díospóidí pinsean.



Mar a tugadh faoi deara sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo, glactar go maith leis sa réimse oibre seo, go bhféadfadh cinneadh ar cé acu an dtagann cás lasmuigh de dhlínse an Ombudsman bheith níos deacra ná cinneadh a dhéanamh ar an gcás é féin. Mar seo a bhí an scéal go minic sa bhliain 2009.

D'fhéadfadh sé a bheith an-choimpléascach agus am-íditheach dlínse cháis a bhunú. Tá sé seo fíor go háirithe nuair a chuirtear dúshlán faoi dhlínse an Ombudsman, mar a tharla sa bhliain 2009.

Ta méid suntasach ama infheistithe ag an Oifig agam sa sainordú OÓÉ a mhíniú do chomhaltaí agus iarchomhaltaí Óglaigh na hÉireann. Tá áthas orm a rá go raibh an obair

seo rathúil – dáileadh bileoga mínitheacha, coinníodh an suíomh gréasáin cothrom le dáta agus tugadh aitheasc ag réimse leathan comhdhálacha agus seimineár, i measc gníomhaíochtaí eile.

Agus OÓÉ ag oibriú don chéad bhliain, mar shampla, fuair mé gur measadh go raibh a lán cásanna Taobh Amuigh de na Téarmaí Tagartha de bharr míthuisceana ar chumhachtaí nó feidhm na hOifige agam. Anuraidh, chuaigh an chatagóir seo i laghad. Cásanna a dhiúltaigh mé dlínse iontu le déanaí, áfach, bheadh orm réamhscrúdú agus réamhbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh orthu, mar cásanna coimpléascacha a bhí ann ó nádúr.

Ní thógtar cinneadh ar chás Taobh Amuigh de na Téarmaí Tagartha go héasca ag an Oifig agam riamh. Déantar scrúdú forleathan ar na himthosca agus ní foláir iarracht mhór a dhéanamh chun a mhíniú don Ghearánach cén fáth nach féidir liom bheith páirteach nó cabhrú leis/léi.

Ní rabhtar ábalta imscrúdú a dhéanamh ar chás amháin a chuir comhalta ar seirbhís de Sheirbhís Altranais an Airm (SAA) isteach sa bhliain 2009, mar ní thagann comhaltaí na seirbhíse seo faoi théarmaí an Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004. Ní raibh mé ábalta cabhrú leis an nGearánach.

Cé go bhfuil córas inmheánach ag SAA chun díospóidí a réiteach, ní chuirtear an mhaoirseacht neamhspleách chéanna ar an gcóras, ar fáil do na comhaltaí, agus a chuireann an Oifig agam ar fáil do chomhaltaí eile Óglaigh na hÉireann nó, ar ndóigh, fóram neamhchlaonta agus neamhspleách chun a ngearán a bhreithniú. Is bearna é seo in ailtireacht an chóras sásaimh mhíleata agus achomhairc neamhspleáigh, a forbraíodh le blianta beaga anuas. Scríobh mé chuig an Aire ag tarraingt airde ar na saincheisteanna. Tá súil agam go ndíreofar ar seo, trí bhreithniú ar an sainchúram agam a leathnú, chun comhaltaí SAA a chur san áireamh.


Stádas na ngearán nó na n-achomharc a imscrúdaíodh sa bhliain 2009

Leanann OÓÉ ceithre príomhchéim nuair a dhéanann sé imscrúdú nó scrúdú ar chás a tharchuirtear chugam.

- I Déantar réamhscrúdú ar an gcás chun a chinntiú go dtagann sé faoi riachtanais an Achta. Socraím freisin an bhfuil sé oiriúnach dom idirghabháil a dhéanamh ina leith.
- II Déantar imscrúdú mionsonraithe ar chásanna chun na fírinne a bhunú agus chun na hargóintí don ghearán agus ina choinne a chur san áireamh.
- III Eisítear Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin (RB), ina leagtar na réamhthorthaí amach. D'fhéadfaí soiléiriú agus fianaise dhoiciméadach a iarraidh freisin más gá sin.
- IV Tar éis do bhreithniú a bheith déanta ar fhreagraí ar an Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin, seolaim mo Thuarascáil Deiridh, ina leagtar amach na cinntí agus moltaí agam, agus cuirtear í chuig an Aire Cosanta, an Ceann Foirne, an Gearánach agus duine eile ar bith a mheasaim a bheith cuí a chur san áireamh ar an liosta seo.

As na 105 chás a mheas mé a bheith incháilithe agus laistigh den dlínse agam sa bhliain 2009:

- Eisíodh 31 Thuarascáil Deiridh;
- Eisíodh 38 Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin;
- Bhíothas ag feitheamh le freagraí ar 7 Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin amhail an 31 Nollaig 2009;
- Bhí 67 ngearán agus n-achomharc sa chóras a bhí fós le réiteach.




Cúiseanna chun Gearáin nó Achomhairc a dhéanamh

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009

OMBUDSMAN D'ÓGLAIGH
NA hÉIREANN

As na 105 chás a glacadh leo chun athbhreithniú agus imscrúdú a dhéanamh orthu sa bhliain 2009:

- Bhain 37 le nósanna imeachta roghnúcháin d'ardú céime
- Bhain 31 le hiompar míchuí/bulaíocht líomhnaithe
- Bhain 14 le nósanna imeachta roghnúcháin do chúrsaí slí bheatha
- Bhain 11 le nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le slí bheatha
- Bhain 8 le drochriarachán ginearálta
- Bhain 3 le nósanna imeachta roghnúcháin do sheirbhís thar lear
- Bhain ceann amháin le saincheist fostaíochta.



Mar an gcéanna leis na blianta roimhe sin, níor tarchuireadh aon ghearán chugam sa bhliain 2009 a bhain le gnéaschiapadh.

Tuarascálacha Deiridh Eisithe

D'eisigh mé 31 Thuarascáil Deiridh sa bhliain 2009.

Sheas 23 (74%) de na tuarascálacha seo le cás an Ghearánaigh. Níor seasadh le cás an Ghearánaigh i 6 chás (19%). Seasadh go páirteach le cás amháin agus measadh go raibh cás amháin eile Taobh Amuigh de na Téarmaí Tagartha ar deireadh.

Freagra an Aire ar na Tuarascálacha Deiridh Eisithe sa bhliain 2009

D'eisigh mé 31 Thuarascáil Deiridh sa bhliain 2009 a chuimsigh mo mholtaí agus, ag tráth a scríofa, táim ag feitheamh le freagra ón Aire fós ar 16 de na tuarascálacha seo.

Maidir leis na 15 Thuarascáil Deiridh go bhfuair mé freagra ón Aire ina leith, ghlac sé le mo mholtaí i 10 gcás (66%) ach níor ghlac sé ach go páirteach le mo mholtaí i 5 chás (33%).

*Mar thoradh ar chinntí agus moltaí an Ombudsman
a bhain le himscrúdú ar ghearáin aonair, ghlac an tAire
Cosanta agus Óglaigh na hÉireann mar chúram orthu féin
athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta in úsáid
ag na boird ardú céime agus roghnúcháin, agus tiomnaíonn
siad iad féin do thábla pointí nó maitrís mharcála a úsáid,
ionas go bhféadfaí tomhas oibiachtúil a thabhairt do gach
iarrthóir ar a f(h)eidhmíocht agallaimh.*

Sliocht ó 'Buaicphointí 2009'

Rannóg IV

Gnóthaí Corparáideacha

Soláthar Foirne

Is é a bhí ann ar sholáthar foirne na hOifige agam amhail an 31 Nollaig 2009 ná:

- Oifigeach Imscrúdaithe amháin (Príomhoifigeach Cúnta);
- Riarthóir Cásanna amháin (Ardoifigeach Feidhmiúcháin);
- Cúntóir Cléireachais amháin (Oifigeach Cléireachais).

Tá an soláthar foirne seo ar aon dul leis an soláthar foirne sa dara cuid den bhliain 2008.

I gcaitheamh na bliana 2009, ghlac an fhoireann agam páirt i gcláir oiliúna agus foráis, lena n-áirítear cúrsa ar scileanna cumarsáide agus clár neartú na foirniúlachta, agus ghlac comhalta foirne amháin páirt i gCúrsa tionscnaimh d'Oifigigh Imscrúdaithe, a d'eagraigh Cumann Ombudsmain na Breataine agus na hÉireann trí Queen Margaret's University, Dún Éideann.

Iniúchadh ar Fhreagraí ar na Moltaí Agam sna Tuarascálacha Deiridh

Thar na ceithre bliana agus mé i m'Ombudsman, d'eisigh mé 110 dTuarascáil Deiridh, a chuimsigh torthaí agus moltaí. D'fhéadfadh roinnt moltaí tagairt a dhéanamh do bhearta sainiúla chun sásamh a sholáthar i gcás aonair, cé go dtagann moltaí eile chun cinn mar thoradh ar lúba córasacha sna nósanna imeachta, sna próisis nó sa riarachán laistigh d'Óglaigh na hÉireann. D'fhéadfadh athbhreithniú agus athchóiriú a bheith iarrtha sna moltaí deireanacha seo freisin.

Sa Tuarascáil Bhliantúil 2008 agam, ghlac mé mar chúram orm féin tús a chur le tionscadal a dhéanadh athbhreithniú ar na moltaí go léir agam sna Tuarascálacha Deiridh, agus freagra an Aire Cosanta agus na n-údarás míleata ar na moltaí seo a leanúint, d'fhoilligh a n-éifeachtacht agus a gcur i bhfeidhm a mheas.

Cuireadh tús leis an obair seo sa bhliain 2009 agus is bunús í don athbhreithniú ceithre bliana a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Chuir an t-athbhreithniú ar an eolas mé. Ní amháin gur thug sé léargas i bhformáid inrochtana ar an tionchar ag an Oifig agam ar réimse próiseas agus nósanna imeachta riaracháin mhíleata, ach thaispeáin sé cásanna freisin nach raibh freagra substaintiúil faighte ón Aire Cosanta ina leith fós. Scríobh mé chuig an Aire Cosanta maidir leis na hábhair seo.

Seimineár ar Chearta Daonna, Scoil Oiliúna na Náisiún Aontaithe

Thug mé aitheasc i mbliana ar chearta daonna sna fórsaí armtha a chosaint, agus ghlac mé páirt ina dhiaidh sin i seisiún suimiúil ceisteanna agus freagraí, ag Scoil Oiliúna na Náisiún Aontaithe in Éirinn (SONAÉ), Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, Campa an Churraigh.

Bhain an t-aitheasc go díreach leis an obair a rinne mé agus mé i mo chomhalta den Mheitheal Saineolaithe ar chearta daonna agus saoirsí bunúsacha de phearsanra na bhfórsaí armtha, atá ina cuid den Eagraíocht um Shlándaíl agus Chomhoibriú san Eoraip (OSCE-ODIHR).

Sa bhliain 2008, tháinig obair na Meithle Saineolaithe chun deiridh nuair a foilsíodh *'The Handbook on Human Rights and Fundamental Freedoms of Armed Forces Personnel'* (Lámhleabhar ar Chearta Daonna agus Saoirsí Bunúsacha de Phearsanra na bhFórsaí Armtha).

Ba mhór an sólas croí go háirithe, a chloisteáil go bhfuil toradh ag an obair a rinne an Mheitheal Saineolaithe, agus an Lámhleabhar á chur le chéile aici, ar an dialóg cearta daonna i gcomhthéacs na Náisiún Aontaithe, agus is sampla amháin de seo an t-aitheasc ag Scoil Oiliúna na Náisiún Aontaithe de chuid Óglaigh na hÉireann.

Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Mar an gcéanna le hOifigí eile a thugtar cistiúchán poiblí dóibh, ghlac mé mar chúram orm féin athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais. Rinneadh é seo ag deireadh na bliana 2009 agus cuirfear ar fáil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste é nuair a bheidh iniúchadh á dhéanamh aige.

Tá áthas orm tuairisc a thabhairt gur sheas an t-athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais leis na cleachtais i bhfeidhm san Oifig. Ainmníodh roinnt ábhar san athbhreithniú go bhféadfaí feabhas a chur orthu. Comhtháthaíodh mórchuid de na hathruithe seo agus beidh siad le feiceáil sna Cuntais Bhainistíochta agam don chéad ráithe.

Mar a tugadh faoi deara sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo, is maith is eol dom mo dhualgais mar Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige, agus déanaim mo dhícheall i gcónaí lena chinntiú go n-úsáidtear cistí poiblí go héifeachtúil agus go heaghnáí.

Comhdhála agus Seimineáir

Mar Ombudsman, déanaim mo dhícheall chun freastal ar imeachtaí eagraithe ag eagraíochtaí ionadaíochta na n-údarás míleata agus Óglaigh na hÉireann, mar is féidir aiseolas tábhachtach a fháil ó phríomhpháirtithe leasmhara ar éifeachtacht na hOifige agam, nuair a labhraítear le daoine agus nuair a théitear i ngleic leo ag na himeachtaí seo. De bhreis ar na himeachtaí seo, tugadh cuireadh dom aitheasc a thabhairt ag roinnt imeachtaí eile, nó freastal orthu, a bhí tábhacht áirithe ag baint leo.

Thionóil Coimisinéir Parlaiminte na Gearmáine do na Fórsaí Armtha, an tUasal Reinhold Robbe, an chéad Chomhdháil d'Institiúidí Ombudsman Míleata, i mBeirlín. Dhírigh an chomhdháil ar na dúshláin a bhaineann le leas agus le cearta daonna na bhfórsaí armtha a chosaint in a lán dlínsí difriúla.

Thug mé aitheasc ag an gComhdháil ar bhunú an Oifig OÓÉ agus thug mé cur síos ar na cumhachtaí agus na feidhmeanna atá leagtha amach sa reachtaíocht, do na tíortha a ghlac páirt sa Chomhdháil, tíortha a tháinig ó réimse leathan earnálacha, ó thíortha le hOifigí ainmnithe Ombudsman Míleata acu mar an Ghearmáin agus Ceanada, tíortha le Cigireachtaí Míleata acu mar na Stáit Aontaithe, an Fhrainc agus an Ísiltír, go dtí an Airgintín a bhí ag déanamh staidéir ar bhuntáistí na gcur chuige difriúil.

Tionóladh an 9^ú Comhdháil Idirnáisiúnta ag Institiúid an Ombudsman chun tarlú ar aon am le comóradh 200 bliain Oifig an Ombudsman sa tSualainn.

Cosaint Sonraí

Tá an Oifig OÓÉ cláraithe leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Tá an Oifig agam cláraithe freisin faoin Scéim um Thadhaill Gairmiúil Díreach de chuid Chomhairle Bharra na hÉireann.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta curtha i bhfeidhm don Oifig agam. Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha freagrach go príomha as an mBeartas Sláinte agus Sábháilteachta sa bhfoirgneamh ina bhfuil an Oifig agam lonnaithe faoi láthair.

Beartas na Gaeilge

Amhail an 31 Nollaig 2009, ní raibh an Oifig agam ina comhlacht forordaithe de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Ag cur le cleachtas na seirbhíse poiblí, áfach, déanann an Oifig agam dianiarracht eolas a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla. Foilsítear na Tuarascálacha Bliantúla agam san dá theanga agus is suíomh gréasáin dátheangach é www.odf.ie freisin.

Beartas Saorála Faisnéise

Amhail an 31 Nollaig 2009, ní raibh OÓÉ ina chomhlacht forordaithe fós faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Sa bhliain 2008, chuaigh oifigigh ón Roinn Airgeadais i gcomhairle le OÓÉ chun Saoráil Faisnéise a chur ar bun san Oifig. Ceann de na saincheistanna a díriodh uirthi ná go bhfuil sé tábhachtach a aithint gur comhaid cháis faoi rún agus príobháideacha iad na comhaid cháis atá i seilbh ag an Oifig agam, agus conas a dhéanfaí na cosaintí riachtanacha a chumhdach sna Rialacháin um Shaoráil Faisnéise. Rinneadh plé i gceart freisin ar conas a d'fhéadfaí na hábhair seo a chosaint, sna Rialacháin um Shaoráil Faisnéise, a leagadh amach.

Ó bunaíodh an Oifig agam, pléitear ó shin i leith le gach iarratas ar eolas go hoscailte agus go trédhearcach, de réir spiorad an Achta um Shaoráil Faisnéise. Mar ábhar beartais agus cleachtais, tá cóip faighte ag Gearánaigh, ó thosach ar aghaidh, de na tuarascálacha OÓÉ go léir a bhaineann lena gcásanna.

Táthar ag súil leis go leathnófar an tAcht um Shaoráil Faisnéise chun an OÓÉ a chumhdach. Cuirtear fáilte roimh an bhforbairt seo, cé go dtiocfaidh méadú eile ar ualach oibre bainistíochta agus riaracháin na hoifige, a bhfuil easpa acmhainní aici cheana.

Beartas Úsáide Idirlín

Ó bunaíodh an Oifig agam, tá beartas i bhfeidhm ó shin i leith maidir le húsáid idirlín na foirne.

Rúndacht


Ní foláir muinín agus iontaoibh a bheith curtha i nósanna imeachta chun plé le gásanna, chun go n-éireodh leis an obair á déanamh ag an Ombudsman. Ó bunaíodh an Oifig agam, tá rialacha docta i bhfeidhm ó shin i leith a rialaíonn rúndacht na gcásanna go léir.

Leanfaidh an cleachtas seo de bheith ina ábhar tosaíochta don Oifig agam sa bhliain 2010.

*Sheas an tOmbudsman le 74%
de na gearáin a tarchuireadh chuici.*

Sliocht ó ‘Buaicphointí 2009’

Rannóg v Saolré Ghearáin



*Rinne an tOmbudsman iniúchadh ar cé acu
ar glacadh leis na moltaí aici, ar chleachtais
agus ar nósanna imeachta Óglaigh na
hÉireann, agus ar cuireadh i bhfeidhm iad,
ó bunaíodh an Oifig aici.*

Sliocht ó ‘Buaicphointí 2009’

Rannóg VI

Cás-staidéir

Comhairle don Léitheoir a ghabhann leis an Mír Staidéar Cáis

Cuimsíonn an mhír seo achoimrí ar thrasghearradh cásanna a bhreithnigh mé sa bhliain 2009.

Fuarthas cead chun na cásanna seo a úsáid ó na daoine a tharchuir na cásanna chugam. Is mór agam a gcúnamh. Oiread agus is féidir, scríosadh na sonraí sainiúla a bhaineann leis na cásanna seo chun na Gearánaigh a choimeád faoi rún.

Tá súil agam go dtabharfaidh na tuarascálacha achoimrithe seo léargas ar an raon cásanna a bhreithnigh mé sa bhliain 2009.

Staidéar Cáis 1: Gearán taobh amuigh de na téarmaí tagartha



Dlínse – comhalta nach raibh ar seirbhís tráth an teagmhais líomhnaithe – Lasmuigh de dhlínse OÓÉ

Rinne an Gearánach, comhalta de na hÓglaigh Cúltaca (ÓC), roinnt líomhaintí faoi conas mar a caitheadh leis ag comhaltaí ar seirbhís Óglaigh na hÉireann ar dháta áirithe. Nuair a cuireadh an t-ábhar in iúl dom, chuir sé imní orm go bhféadfadh nach mbeadh aon dlínse agam ar an gcás, mar bhí amhras ann faoi cé acu an raibh an Gearánach ina chomhalta ar seirbhís ag an tráth ábhartha nó nach raibh.

Thaispeáin an réamhscrúdú agam, agus na ceisteanna a cuireadh ar an nGearánach agus ar Óglaigh na hÉireann, gur cuireadh an Gearánach ar “liosta neamh-infheidhme” de bharr asláithreachta, agus gur scaoileadh ón arm é, de réir nósanna imeachta, sular tharla an teagmhas líomhnaithe. Mar sin, ní raibh sé ina chomhalta ar seirbhís tráth an teagmhais a bhí ina ábhar gearáin. Mar thoradh, ní raibh aon dlínse agam faoi Alt 6(2) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, a phléann le gearáin ag iarchomhaltaí.

Staidéar Cáis 2: Seasadh leis an ngearán



Pá – Ardú Céime – Critéir roghnúcháin – Riachtanas seirbhíse thar lear – Leasú ar chritéir – Fógartha i gceart nó gan a bheith – Cuid 26 den Treoir Riaracháin a chur i bhfeidhm – Tarscaoileadh – Diúltú do dheonú tarscaoilte – Treoir Nósanna Imeachta an Chóir Seirbhísí Cumarsáide agus Eolais (SCE) 07/06 – Riachtanas chun na cúiseanna a thabhairt atá le diúltú – Míniú ar bith curtha ar fáil – Éifeacht dhochrach – Próisis fhabhtacha riaracháin – Moill

Teicneoir ba ea an Gearánach, a chuir iarratas isteach ar ardú céime ó Ghrád 5 go dtí Grád 6 Pá Teicneora bunaithe ar na torthaí aige sa Scrúdú STAR (tástáil chaighdeánaithe

agus tuairisciú caighdeánaithe) IT39/02 do Theicneoirí an Chóir SCE. Diúltaíodh an t-ardú céime don Ghearánach mar theip air ceann amháin de na critéir a chomhlíonadh; Scrúdú STAR 94 a bhaineann le seirbhís thar lear mar Theicneoir Grád A. Chuir an Gearánach iarratas isteach ar an riachtanas seo a tharscaoileadh faoi Threoir Níosanna Imeachta an Chóir SCE 07/06, agus diúltaíodh an t-iarratas seo dó freisin. Ag leanúint iarratais mhírathúil ar Shásamh in Éagóracha, tharchuir sé a ghearán chugam.

Thug an Gearánach roinnt saincheistanna ar aird maidir le riachtanas na seirbhíse thar lear agus chuir sé in iúl ar dtús go raibh an riachtanas éagórach de bharr a imthosca áirithe teaghlaigh pearsanta. Líomhain an Gearánach freisin go ndearnadh éagóir air nuair a tugadh IT39/02 isteach, a chuimsíonn riachtanas na seirbhíse thar lear, mar ní raibh an tseirbhís seo riachtanach faoi IT01/99, a bhí i bhfeidhm nuair a thosaigh sé ag traenáil. Chuir an Gearánach in iúl nár tugadh eolas dó faoi na critéir leasaithe roghnúcháin. Ar deireadh, dhearbhaigh an Gearánach gur seoladh thar lear le déanaí é, mar theicneoir.

Rinne Óglaigh na hÉireann imscrúdú ar an ngearán agus d'iarr an tOifigeach Imscrúdaithe Míleata (OIM) soiléiriú maidir leis an gcinneadh diúltú do tharscaoileadh Scrúdú STAR 94, agus chuir sé a thuairim in iúl gur chóir cúiseanna an chinnidh a mhíniú don Ghearánach. Bhain sé de thátaí as, áfach, nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach. Fuair an OIM freisin nach raibh an Gearánach ar seirbhís thar lear le tamall mór anuas. Chuir an OIM in iúl sa tuarascáil aige go gcuirtear doiciméid threoracha, a bhaineann le critéir roghnúcháin a athrú, suas ar Bhord Pearsanra an Aonaid de ghnáth, cé nach raibh an tOifigeach i gceannas ar an Scoil SCE ábalta ráiteas a thabhairt ar cé acu an ndearnadh é seo maidir leis an bpost a chuir an Gearánach isteach air. Sa Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin (RB) agam, d'iarr mé cruthúnas gur fógraíodh an leasú agus gur cuireadh in iúl é do chomhaltaí eile aonad an Ghearánaigh. Ní bhfuair mé dearbhú ar bith maidir leis seo, áfach.

Sa Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin agam, fuair mé freisin nár thacaigh an Príomhcheannfort Slándála leis an iarratas ar tharscaoileadh, agus an t-iarratas á chur ar aghaidh chuig an nGinearálóifigeach i gCeannas (GOC). Ní raibh mé ábalta comhfhreagras a aimsiú a thacaigh leis an bhfírinne gur cuireadh an t-iarratas ar aghaidh chuig an GOC agus thug mé deara go bhforálann Treoir Níosanna Imeachta an Chóir SCE 07/06, gur chóir an t-iarratas a chur chuig an Leas-Cheann Foirne. D'iarr mé míniú ar cén fáth gur léiríodh go raibh an t-iarratas curtha ar aghaidh chuig an GOC, a bhí ina ábhar cúraim. Níor chuir an freagra ar an Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin agam feabhas ar an scéal seo, áfach.

Ag leanúint an Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin agam, fuair mé litir ó Cheannfort na Scoile SCE ag iarraidh tarscaoileadh a chur isteach, bunaithe ar imthosca pearsanta an Ghearánaigh, agus ag deimhniú go raibh an Gearánach ar seirbhís thar lear le déanaí. Chuir mé in iúl go raibh imní orm faoi cé acu an ndearnadh an t-iarratas ar tharscaoileadh a bhreithniú agus d'iarr mé dearbhú go ndearnadh iarratas iomlán an Ghearánaigh a bhreithniú, inar leagadh amach a imthosca pearsanta. Mar fhreagra ar an Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin agam, sonraíodh nach ndearnadh tagairt ar bith do sheirbhís thar lear i gcomhad pearsanta an Ghearánaigh, agus dheimhnigh an Gearánach agus doiciméadú eile é seo. Thug mé deara go raibh imní orm gur dheimhnigh Oifig an Cheann Foirme (CF) nach raibh cóip den iarratas ar tharscaoileadh aici. Sa Tuarascáil Deiridh agam, fuair mé nach raibh dearbhuithe leordhóthanacha faighte agam agus nach raibh mé ábalta fianaise a aimsiú a thabharfadh le tuiscint gur cuireadh an tsraith iomlán imthosca teaghlaigh ar aghaidh tríd an slabhra ceannais.

Ina theannta sin, d'iarr mé míniú ar cén fáth nár cuireadh in iúl don Ghearánach, na cúiseanna ar diúltaíodh an t-iarratas ar tharscaoileadh dó. Bhain mé de thátaí as, go raibh tionchar diúltach ag próisis fhabhtacha riaracháin ar an nGearánach, déanta na fírinne.

Chuir mé in iúl freisin go raibh imní orm go háirithe faoin méid ama idir an Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin agam agus freagraí a ghlacadh ina leith. Rinneadh éagóir ar an nGearánach freisin de bharr na moille, d'ainneoin méaduithe ar líon na gcásanna sa chóras sásaimh.

Mhol mé gur chóir ardú céime Grád 6 Pá Teicneora a thabhairt don Ghearánach, le héifeacht ón dáta ar ar athraíodh pá na n-iarrthóirí ar éirigh leo, iarrthóirí a chuir iarratas isteach ar a leithéid seo d'ardú céime, in éineacht leis an nGearánach.

Níor ghlac an tAire leis an gcinneadh agam go ndearnadh éagóir ar an nGearánach, trí iarratas ar tharscaoileadh a dhiúltú dó. Mhaígh Óglaigh na hÉireann go raibh an tseirbhís thar lear tábhachtach, nuair a éilítear ar theicneoirí obair a dhéanamh gan mhaoirseach, agus i dtimpeallacht naimhdeach go minic, chun iarrthóirí a mheas don phost seo. Ní bhfuair a tAire gaol díreach idir Cuid 26 den Treoir Riaracháin agus tarscaoileadh a dheonú maidir le Pá Teicneora SCE, nuair a éilítear ar an Oifigeach i gCeannas imthosca teaghlaigh a chur san áireamh agus daoine á roghnú chun dul thar lear.

Bhí an tAire den tuairim nach bhféadfaí a rá gur cruthaíodh ionchas réasúnach maidir leis an tsaincheist seo, mar thosaigh an Gearánach ag traenáil sular tugadh pá Grúpa 6 isteach. De bheis, ní raibh aithne ag Óglaigh na hÉireann ar aon chomhalta SCE ag fáil pá Grúpa 6, nach raibh sé/sí ar seirbhís thar lear roimhe sin mar theicneoir. Dúirt an tAire, áfach, gur admhaigh an Ceann Foirne go bhféadfaí múineadh a bhaint as an tslí inar pléadh le hiarratas an Ghearánaigh agus thug sé ordú gur chóir nóta a chruthú i gcomhthráth maidir le cinntí a dhéanfaí san am atá le teacht, a bhainfeadh le hiarratais ar tharscaoileadh, agus gur chóir an toradh a chur in iúl don chomhalta iarrthóra. Thug an tAire na moltaí agam faoi deara agus d'iarr sé ar an gCeann Foirne a chinntiú go gcuirfí na cúiseanna d'iarratas diúltaithe ar tharscaoileadh in iúl don iarrthóir. Nuair a tugadh faoi deara nach raibh dearbhú faighte agam go raibh imthosca teaghlaigh go léir an Ghearánaigh curtha in iúl don Leas-Cheann Foirne, dúirt an tAire gur tugadh dearbhú dó go raibh na fírinne go léir ar eolas ag an Leas-Cheann Foirne an tráth sin.

Staidéar Cáis 3: Seasadh leis an ngearán



Ceapachán – Ainmniú ceapacháin – Critéir riachtanacha roghnúcháin – Neamh-roghnú – Teip ar cháilíochtaí a thaifeadadh – Teip ar chúiseanna neamh-roghnaithe a sholáthar

D'ainmnigh Oifigeach Daonchumhachta na Briogáide an Gearánach chun dul thar lear. Níor roghnaíodh é agus chuir sé tús le hiarratas ar Shásamh in Éagóracha (SiÉ) mar bhí roinnt gearán aige maidir leis an bpróiseas ainmnithe agus roghnúcháin.

Sa chás seo, líomhain an Gearánach nach raibh sé cáilithe don cheapachán ar roghnaíodh dó. Mhaígh sé gur cuireadh i scríbhinn sa litir ó Oifig Bainistíochta na bPearsanra Liostaíte (OBPL) go raibh “taithí mar ONC thar lear riachtanach” don cheapachán seo. D'éiligh sé, áfach, go raibh dhá cheapachán eile ar fáil an tráth sin, a bhí sé cáilithe dóibh, agus bhí sé in amhras cén fáth nár ainmníodh é do na ceapacháin seo.

Líomhain an Gearánach freisin nár taifeadadh a cháilíochtaí i gceart ar an gcóras bainistíochta feidhmíochta agus nár roghnaíodh é, dá bhrí sin, bunaithe ar eolas a bhí mícheart ó thaobh fírinne de.

Ar deireadh, d'éiligh an Gearánach nár tugadh cúiseanna leordhóthanacha go tráthuíl dó, a thaispeánfadh cén fáth nár roghnaíodh é. D'éiligh sé, agus tréimhse mhór ama imithe thart

gan torthaí an phróisis roghnúcháin a bheith curtha in iúl dó, gur chuir sé iarratas Saorála Faisnéise isteach ar chóip den tuairisc ag an mBord Agallaimh. Leagadh amach san Aguisín a bhí ag gabháil leis an tuairisc seo na cúiseanna nár roghnaíodh é. Faoin gcolún dar teideal “Barúlacha Ginearálta” sa tuairisc ag an mBord Agallaimh, ní dhearnadh tagairt don easpa taithí thar lear aige, agus ba í an t-aon chúis a luadh nár roghnaíodh é, ná “nach raibh na cáilíochtaí riachtanacha aige (ECDL/OIS) ar an gcóras bainistíochta feidhmíochta agus nár roghnaíodh don cheapachán tar éis sin é.”

Thaispeáin an scrúdú a rinne mé ar an ngearán gurbh amhlaidh gur chríochnaigh an Gearánach cúrsa ECDL sular ainmníodh é. Sa Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin (RB) agam, fuair mé gurbh í Oifig Daonchumhachta na Briogáide/an Oifig Foirmíochta a bhí freagrach as an eolas mícheart nó easnamhach seo, mar theip uirthi cáilíochtaí an Ghearánaigh a chur isteach sa chóras bainistíochta feidhmíochta, agus go raibh an ceart ag an nGearánach a thaifid a nuashonrú chun a cháilíochtaí a léiriú.

Sa fhreagra ar an Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin agam, d’admhaigh an Ceann Foirne “nár bh é [an Gearánach] a bhí ciontach”, as a thorthaí ECDL féin a iontráil go déanach sa chóras bainistíochta feidhmíochta “agus go raibh an ceart aige, dá réir sin, a bheith éagóirithe”. D’áitigh sé, áfach, go raibh an ráiteas OBPL ceart ó thaobh fírinne de, bunaithe ar an eolas ar fáil sa chóras bainistíochta feidhmíochta an tráth sin. D’admhaigh sé nach raibh an t-eolas ar an gcóras cothrom le dáta agus an cinneadh á dhéanamh, ach dhearbhaigh sé go bhfuil a fhios ag gach aonad gur cóir do phearsanra a shonraí pearsanta a fhíorú sula gcuirfear iarratas isteach ar chúrsaí slí bheatha agus dualgas thar lear, agus go ndéanfaí aon earráidí nó míchruinnis, atá curtha in iúl, a cheartú nuair a fhíorófaí iad. Maidir leis an gcúis a tugadh nár roghnaíodh é, cuireadh in iúl nár liosta uileghabhálach ba ea é seo agus go raibh critéir riachtanacha eile ann a theip ar an nGearánach a chomhlíonadh. Maíodh nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach sa phríomhcheist nár roghnaíodh é agus go mbeadh an toradh céanna ann fiú dá mba rud é go raibh an t-eolas, maidir lena cháilíochtaí ECDL, cruinn.

Sa Tuarascáil Deiridh agam, fuair mé go raibh locht riaracháin ann maidir le cáilíochtaí an Ghearánaigh a thaifeadadh ar an gcóras bainistíochta feidhmíochta. D’iarr mé ar Óglaigh na hÉireann pleananna a dheimhniú, chun a chinntiú go mbeadh comhsheasmhacht ann agus daoine á roghnú chun eolas a iontráil sa chóras bainistíochta feidhmíochta agus chun cruinneas an eolais sin a sheiceáil. D’aontaigh mé le moladh an Oifigeach Imscrúdaithe Míleata, gur chóir do gach Ceannasaí a chinntiú go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha ag an bpearsanra, a ainmnítear le haghaidh ceapachán thar lear, agus rinne mé iarracht a dheimhniú go ndearnadh bearta chun a chinntiú gur cuireadh a leithéid de chleachtais i bhfeidhm.

Bhain mé de thátaí as nár tugadh cúiseanna leordhóthanacha go tráthúil agus go cuí don Ghearánach, a thaispeánfadh cén fáth nár roghnaíodh é. Chuir mé fáilte roimh an ráiteas ón gCeann Foirne gur thug sé ordú don Stiúrtóir Bainistíochta Acmhainní Daonna chun a chinntiú go ndéanfaí an méid eolais is mó agus is féidir a thabhairt do na hiarrthóirí nach n-éiríonn leo, de réir riachtanais na seirbhíse.

Ghlac mé leis go raibh an ceart ag an nGearánach a bheith éagóirithe, ach bhain mé de thátaí as, nuair a bhí na páirtithe go léir ar aon intinn nach raibh an Gearánach cáilithe don ról a roghnaíodh dó, lena n-áirítear an Gearánach féin, nach raibh sé cuí an post sin a thabhairt dó mar shásamh, mar a d’iarr sé ar dtús. Fuair mé go raibh tionchar diúltach ag drochriarachán air nuair a taifeadadh a stádas ECDL go mícheart ar a eolas ainmniúcháin. Cé gur ghlac mé le barúlacha an Cheann Foirne nach raibh sé beartaithe ar bhealach ar bith dochar a dhéanamh don Ghearánach, tríd é a ainmniú do phost nach raibh sé cáilithe dó, fuair mé go ndeachaigh sé chun dochair an Ghearánaigh nuair a bhí ceapacháin eile ar fáil a bheadh sé cáilithe dóibh.

Chuaigh an Ceann Foirne chun argóint le hiarratas an Ghearánaigh maidir le ceapacháin eile a bheith ar fáil a bheadh an Gearánach cáilithe dóibh, mar ní chuid den chéad iarratas ag an nGearánach a bhí ann agus, mar sin de, ní dhearnadh imscrúdú air sular tarchuireadh an t-ábhar chugam. Bhí mé sásta, áfach, go raibh an t-eolas seo ar eolas ag Óglaigh na hÉireann an t-am ar fad agus nach raibh iarracht á déanamh ag an nGearánach cuir leis an ngearán aige chun an gearán a chur sa scéal.

Mhol mé, chun na deacrachtaí a chothromú a tháinig sa bhealach ar an nGearánach de thoradh neamhréireachtaí agus earráidí sa phróiseas riaracháin, gur chóir dó glacadh le comhairle agus treoir thiomnaithe slí bheatha ó leibhéal cuí, ar conas a d'fhéadfadh sé a chinntiú go mbeadh sé cáilithe go cuí don chéad sheirbhís eile thar lear, a ghlacfaí le hiarratais ina leith.

Staidéar Cáis 4: Seasadh leis an ngearán



Díospóid ardú céime – Eolas míchruinn maidir le hiompar, cuimsithe i dTuirisc an Bhord Agallaimh – Ábhair araíonachta roimhe sin taifeadta go mícheart – Cinneadh bunaithe ar eolas mícheart – Iontrálacha araíonachta scriosta ó thaifead an Ghearánaigh

Chuir an Gearánach iarratas isteach ar ardú céime ó Cheannaire go dtí Sáirsint ach theip air an t-ardú céime a bhaint amach. Chuir an Gearánach iarratas ar Shásamh in Éagóracha (SiÉ) isteach ag dul chun argóint leis an ardú céime a dhiúltú dó, go háirithe leis an tslí ina ndearnadh an t-agallamh agus an próiseas riaracháin. Shonraigh sé, gur taifeadadh a rátáil iompair go mícheart mar “an-mhaith” sa Tuirisc ag an mBord Agallaimh, de bharr earráidí riaracháin, in ionad “sármhaith” mar a taifeadadh sa tuairisc speisialta mheasúnaithe AF667 aige don agallamh, agus, mar thoradh, go raibh rátáil iompair níos ísle aige ná an t-iarrthóir ar éirigh leis agus go raibh cinneadh an Bhord Agallaimh mícheart. Shonraigh sé freisin gur taifeadadh cúisimh araíonaíochta go mícheart ar an AF43A ríomhchomhdaithe agus páipéir aige, agus go ndeachaigh sé seo i bhfeidhm ar chinneadh an Bhord Agallaimh. Thairis sin, chuir an Gearánach in iúl gur chuir an Bord Agallaimh béim ró-mhór ar na tréimhsí a chaith an Gearánach ar seirbhís timpeall fiche bliain ó shin, agus na AF667Anna ag an nGearánach á meas aige.

Admhaíodh sa Rialú a Chuir an Ceann Foirne san Áireamh maidir leis an ábhar seo, gur taifeadadh rátáil iompair an Ghearánaigh go mícheart sa Tuirisc ag an mBord Agallaimh, ach baineadh de thátal as nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach, mar dá mba rud é, fiú amháin, gur léiríodh an rátáil cheart sa tuairisc, ní bheadh tionchar ag an bhfírinne seo ar thoradh an chomórtais, mar bhí rátáil “sármhaith” iompair ag an iarrthóir ar éirigh leis. Rialaigh an Ceann Foirne freisin gur taifeadadh cúisimh araíonaíochta go ceart san AF43A ag an nGearánach. Thairis sin, sonraíodh gurbh í an chúis ba mhó a bhí le cinneadh an Bhord Agallaimh ná feidhmíocht an Ghearánaigh i gcaitheamh thréimhse áirithe seirbhíse. Shonraigh an Gearánach nár tugadh a fheidhmíocht ar aird san agallamh. D'iarr mé cúiseanna ar cén fáth nár cuireadh ceist ar an nGearánach maidir leis seo nó nár cuireadh síos é mar chúis leis an ardú céime a dhiúltú dó, chomh maith le sonraí maidir leis an eolas ar ar bunaíodh an cinneadh seo.

Sa Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin agam, fuair mé nár tugadh deis don Ghearánach agallamh cóir a bheith aige, mar bhí a rátáil áirithe iompair bunaithe ar eolas mícheart. Fuair mé freisin go ndearnadh éagóir ar an nGearánach trí eolas mícheart, nósanna imeachta míchearta agus cleachtais fhabhtacha riaracháin a úsáid.

Ag leanúint an Rialaithe a Chuir an Ceann Foirne san Áireamh, chuir an Gearánach iarratas isteach faoin Acht um Shaoráil Faisnéise chun roinnt iontrálacha a scriosadh ón AF43A aige,

mar sáraíodh DFRA7 Mír (xv) Mír 87 go díreach nuair a taifeadh na hiontrálacha sin agus freisin, nár tugadh ceann amháin de na cúisimh a bhí liostaithe, ina choinne ar chor ar bith. Ag leanúint an iarratais seo, tugadh comhairle dó go dtabharfaí moladh don GOC na hiontrálacha a scríosadh óna thaifid. Sa Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin agam, d'iarr mé athbhreithniú a dhéanamh ar chasaid an Ghearánaigh faoi threoir an eolais seo, ach thug mé faoi deara sa Tuarascáil Deiridh agam, áfach, nach ndearnadh breithniú dáiríre ar an iarratas seo.

Fuair mé gurbh í ceann de na cúiseanna a thug an Bord nár roghnaíodh an Gearánach, ná go raibh a mheasúnú iompair níos ísle ná measúnú iompair an iarrthóra ar éirigh leis. Cuireadh in iúl dom gur cuireadh rátáil mhícheart iompair ar an AF 235A agus AF 667 speisialta, ach go raibh an rátáil cheart san AF43A, an doiciméad a d'úsáid an Bord chun a mheasúnú a dhéanamh. Sa Tuarascáil Deiridh agam, áfach, chuir mé in iúl go raibh imní orm go raibh an doiciméad seo dátaithe tar éis agallamh an Ghearánaigh. Tugadh míniú iontaofa ar seo, agus bhí an-imní orm faoi.

Sa Tuarascáil Deiridh agam, thug mé faoi deara gur thaispeáin an t-imscrúdú agam nach raibh treoirilínte rialúcháin ar bith curtha i bhfeidhm chun úsáid thaifid araíonaíochta roimhe sin a rialú, ach go ndearnadh eolas a mheas go ginearálta, ag féachaint don mhéid ama a bhí imithe thart ó tarlaíodh na teagmhais. Chuir mé fáilte roimh dhearbhuíthe ón gCeann Foirne gur thug sé ordú, athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha reatha sa réimse sin. Mhol mé gur chóir aire a thabhairt don saincheist seo mar ábhar tosaíochta.

Fuair mé go raibh easpa comhsheasmhachta, cruinnis agus iontaofachta ann maidir leis an eolas a bhí an Bord Agallaimh ag brath air, gur leor sin chun móramhras a chruthú maidir le cleachtas riaracháin, agus sheas mé, dá réir sin, leis an ngearán.

Staidéar Cáis 5: Gearán nár seasadh leis



Dlínse OÓÉ – Nós imeachta gearáin a stiúradh – Gearán déanta faoi conas a chaitear le comhaltaí eile seachas an Ghearánaigh – Slabhra Ceannais – Easumhlaíocht – Teip ar Fhógra Gearán a chur faoi bhráid an OÓÉ – Moill ar fhreagraí ar an Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin – Bulaíocht agus Ciapadh Líomhnaithe – Fianaise Bulaíochta agus Ciaptha ar bith curtha ar fáil

Bhí an Gearánach ina chomhalta d'Aonad áirithe inar athlonnaíodh grúpa comhaltaí sainiúil. Chonacthas go raibh difríochtaí idir coinníollacha oibre na gcomhaltaí sin agus comhaltaí eile an aonaid agus go raibh sé seo ina chúis le roinnt teannais.

Líomhain an Gearánach gur chuir beirt chomhalta aonaid ceisteanna “neamhriachtanacha agus míchuí” ar an ngrúpa maidir lena choinníollacha oibre, agus go raibh na comhaltaí sin ag faire air gan údarás. Líomhain an Gearánach freisin gur iarr sé go nglacfadh an grúpa comhaltaí sainiúil páirt i gcúrsa oiliúna agus nár tugadh aird ar an iarratas seo. Líomhain an Gearánach gur baineadh an bonn ón údarás aige.

Bhí gearán déanta ag an nGearánach leis an GOC maidir le hiompar na gcomhaltaí sin. Líomhain sé nach ndearnadh imscrúdú ar an ngearán seo laistigh den tréimhse ama riachtanach. Ceapadh Oifigeach Imscrúdaithe Míleata (OIM) sna himthosca sin.

Bhí an Gearánach míshásta le cinntí an OIM agus d'iarr sé an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig an gCeann Foirne. Fuair an Ceann Foirne nach bhféadfadh an bonn a bheith bainte ó údarás an Ghearánaigh i leith an ghrúpa comhaltaí shainiúil, mar ní raibh an grúpa sin á rialú aige. Shonraigh sé freisin nach raibh rud ar bith sa ghearán bunaidh ag an nGearánach

a léirigh gur ghearán foirmiúil nó SiÉ a bhí ann. Cé gur ghlac sé leis gur theip ar an gcumarsáid éifeachtach idir an Gearánach agus comhalta eile, thaispeáin sé go bhfuil bearta áirithe i bhfeidhm ag Óglaigh na hÉireann, chun “tacú le caidrimh oibre dhearfacha”, a d’fhéadadh go mbeadh úsáid bainte astu ag an nGearánach chun na hábhair a réiteach go luath sa choimhlint.

Chuir an Gearánach iarratas ar Shásamh in Éagóracha ar leith isteach, mar mhaígh sé gur baineadh bonn ón údarás aige de bharr na slí ina raibh roinnt comhalta eile d’Óglaigh na hÉireann ag iompar iad féin agus gur baineadh bonn ón údarás aige freisin nuair a theip ar na hoifigigh éagsúla uachtaracha imscrúdú ceart a dhéanamh ar an ngearán aige i leith an iompair sin.

Ag dul i gceann an cháis seo, b’éigean dom mo dhlínse a bhreithniú maidir le hathbhreithniú an ábhair seo.

Bhí ceist ann faoi cé acu an bhféadfadh an Gearánach gearán a dhéanamh i leith casaoide fulaingthe ag comhaltaí eile, i.e. an grúpa comhaltaí saineiúil. Fuair mé nach bhféadfadh an Gearánach tús a chur le casaoide faoi conas a caitheadh leis na comhaltaí eile. Cé go bhfuair an Gearánach gur chuir teannais laistigh den aonad thar a dhóigh é, fuair mé nach raibh fianaise ar bith ann gur caitheadh go míchóir nó míréasúnach leis ar chor ar bith.

Fuair mé gurbh í an tSlabhra Ceannais a bhí freagrach as an líomhain easumhlaíochta, agus gur ábhair inmheánacha d’Óglaigh na hÉireann iad na cinntí a bhaineann leis na hábhair seo. Thaispeáin mé, áfach, sa chás go dtagann saincheist easumhlaíochta chun cinn i gcomhthéacs gearáin bhulaíochta nó leithcheala, dá bhforáiltear sa Treoir Riaracháin A7, nach gcuirfí ó chumas orm plé leis. Ní raibh fianaise leordhóthanach ann chun tacú le líomhaintí an Ghearánaigh go ndearnadh bulaíocht air.

Ba mhian leis an nGearánach Sásamh in Éagóracha a chur isteach, chun plé ar leithligh leis an líomhain gur theip ar Óglaigh na hÉireann imscrúdú ceart a dhéanamh ar a ghearáin. Is cuid thábhachtach é de gach athbhreithniú agam, áfach, go bpróiseáiltear SiÉ i gceart agus go tráthúil. Bhí mé den tuairim dá mba rud é go ndearnadh gearán ar leith a phróiseáil maidir leis an SiÉ, go bhféadfadh sraith ghearán agus SiÉna eile a bheith mar thoradh leis, a bhainfeadh leis an ngearán céanna. Chuir mé in iúl go raibh imní orm faoi shraith ghearán, a bheadh neamhéifeachtach agus míchuibhiúil.

Sa Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin (RB) agam, thug mé aird ar an ábhar gur theip ar Óglaigh na hÉireann Fógra Gearán (FG) a chur isteach, de réir Alt 114 den Acht Cosanta. Bhí mé den tuairim gur shárú mór ar nósanna imeachta ba ea an earráid riaracháin seo.

Chuir an Gearánach iarratais fhada mhionsonraithe isteach i leith an Réamhthuarascáil Breithniúcháin agam, ach ní raibh fianaise bhreise sna hiarratais aige chun mo thuairim a athrú. Theip air freisin míniú bailí a thabhairt faoi cén fáth nár ghlac sé páirt sna próisis neamhfhoirmiúla ar fáil laistigh d’Óglaigh na hÉireann, chun a ghearáin a réiteach. Chuir mé in iúl go raibh imní orm nach ndearnadh rud éigin go luath, ag féachaint do dhéine mothaithe an Ghearánaigh.

Mhol mé gur chóir gach iarracht a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfí feabhas ar an gcumarsáid san aonad. Mhol mé freisin gur chóir caidreamh cuiditheach éascaitheach a eagrú chun díriú ar an teannas agus ar na deacrachtaí idirphearsanta san aonad.

Chuir mé mo dhíomá in iúl nach bhfuair mé freagraí ar an Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin agam, laistigh den tréimhse ceithre seachtaine a bhí curtha ar fáil agam.

Thug an tAire Cosanta comhairle dom, ag leanúint den mholadh agam, go ndearna na comhaltaí go léir san aonad i dtrácht Cúrsa Óglaigh na hÉireann ar Scileanna Éifeachtacha Idirphearsanta le haghaidh Ceannaireachta agus gur bhain an t-aonad Creidiúnú “Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe” amach. Bhí sé curtha in iúl ag an GOC nár chreid sé go raibh aon teannais idirphearsanta laistigh den aonad an tráth sin.

Staidéar Cáis 6: Seasadh leis an ngearán



Oifigigh Coimisiúnta a Cheapadh – Cáilitheacht chun iarratas a chur isteach ar cheapachán – Ionchas réasúnach – “Síleáil ghloine” líomhnaithe – Réiteach

Iarradh ráitis spéise ó Oifigigh Coimisiúnta a bhí cáilithe go cuí, le céim ollscoile acu san innealtóireacht i gceann amháin de na hábhair shonraithe, chun post a fháil mar Oifigigh Ordanáis. Bhí céim ollscoile ag an nGearánach mar a ordaíodh, agus mar sin, chuir sé in iúl go raibh spéis aige sa cheapachán, ach measadh go raibh sé neamh-incháilithe, áfach, mar ní raibh sé ina Oifigeach Coimisiúnta. Chuaigh sé chun argóint leis seo agus d’eisigh sé iarratas ar Shásamh in Éagóracha (SiÉ).

D’éiligh an Gearánach gur chóir dó a bheith incháilithe iarratas a chur isteach de bharr roinnt tosa. Chuir sé in iúl go raibh sé contrártha leis an mbeartas, agallamh a dhiúltú dó, mar a shonraítear faoi théarmaí an Pháipéir Bháin ón Rialtais, a fhorálann “go gcuirtear scéimeanna rialta i gcrích chun pearsanra liostáilte a choimisiúnú mar Oifigigh san Arm, san Aerchór agus sa tSeirbhís Chabhlaigh. Mhaígh an Gearánach mar chomhalta 18 mbliana den Chór Ordanáis, agus Baitsiléir san Innealtóireacht (Onóracha) bainte amach aige, go raibh sé ag súil leis go réasúnach go mbreithneofaí air don agallamh agus don cheapachán, agus d’iarr sé trí mhodh sásaimh go dtabharfaí deis dó agallamh a dhéanamh don chúrsa Oifigeach Ordanáis. Bhí mé den tuairim, áfach, nach ndearna an Páipéar Bán ach beartas an rialtais a leagadh amach chun plean a nuashonrú, agus go raibh sé ró-ionadach, dá bhrí sin, chun tacú leis an tuairim gur bhunaigh sé seo ionchas dlisteanach.

Mhaígh an Gearánach freisin gur cuireadh pearsanra liostáilte, a bhí na cáilíochtaí riachtanacha oideachais acu, ar aghaidh roimhe seo chun agallamh a dhéanamh lena bheith coimisiúnaithe mar Oifigigh Ordanáis. Luadh Stiúrthóir an Chór Ordanáis sa Tuairisc ag an Oifigeach Imscrúdaithe Míleata (OIM), a dheimhnigh gur coimisiúnaíodh triúr Oifigeach Neamhchoimisiúnta (ONC) roimhe seo chun obair sa Chór Ordanáis. Sonraíodh sa Tuairisc freisin gur tharla sé seo nuair a bhí easpa céimithe USAC ann agus nuair a úsáideadh meascán d’iontráil dhíreach agus comórtais Oifigeach Coimisiúnta chun oifigigh nua Cór Ordanáis a roghnú. Thug mé na himthosca difriúla faoi deara, ach bhain mé de thátaí as go raibh sé seo ina chúis le hionchas réasúnach an Ghearánaigh, go mbeadh an deis aige é féin a chur ar aghaidh chun agallamh a dhéanamh.

Rinne an Gearánach tagairt do ráiteas an Aire Cosanta sa Dáil nuair a dúirt sé nach cóir “síleálacha gloine” a bheith ann do choimisiúnú pearsanra liostáilte. Shonraigh an OIM go raibh Cúrsa Ábhar Oifigigh curtha ar siúl ag an gColáiste Míleata ach d’fhreagair an Gearánach gur thug an cúrsa seo seans do phearsanra liostáilte a bheith coimisiúnaithe mar Oifigigh Líne Coisithe amháin. Chuir an Gearánach in iúl go raibh “síleáil ghloine” ann, mar ní raibh scéim ar bith i bhfeidhm chun seans a thabhairt do ONC le cáilíochtaí teicniúla aige/aici, ar nós an Gearánaigh, Cúrsa Ábhar Oifigigh a dhéanamh, a chuirfeadh ar a c(h)umas a scileanna gairmiúla a úsáid, agus go ndearna sé seo leatrom ar phearsanra teicniúil.

Fuair an Ceann Foirne sa Rialú a Chuir sé san Áireamh nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach, ach chuir sé a thuairim in iúl go mbeadh sé cuí athbhreithniú breise a

dhéanamh ar an bpróiseas roghnúcháin iontráil dhíreach do na hOifigigh sa Chór Ordanáis.

Fuair mé, tríd is tríd, gur shainaithe an Gearánach aimhrialtacht sa phróiseas earcaíochta Oifigeach do phearsanra atá cáilithe go cuí, mar níor cuireadh slí ar bith ar fáil tríd an “síleáil ghloine”, mar a thug an tAire cur síos air. Thug mé faoi deara gur thacaigh tuairimí an Cheann Foirne leis an gcinneadh seo, nuair a mhol sé gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas earcaíochta iontráil dhíreach.

D'iarr mé eolas breise, tríd is tríd, maidir le stádas an athbhreithnithe seo ar Oifigigh iontráil dhíreach a earcú, a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla acu, agus bhí mé sásta a fhoghlaim go raibh sé ar an gClár Comhaontaithe don Rialtas 2007-2012 agus go raibh sé liostaithe freisin sa Phlean Gníomhaíochta faoin gComhaontú Pá agus Clár Oibre Nuachóirithe d'Óglaigh na hÉireann (2007). D'fhógair an Ceann Foirne, áfach, go mbeadh ar na páirtithe go léir comhaontú chun an mhír seo a chur ar aghaidh agus nach ndearnadh aon dul chun cinn go dtí sin tríd an bpróiseas Idir-réitigh agus Eadrána.

Ní raibh mé i riocht réiteach a sholáthar nuair a tarchuireadh na hábhair faoi athbhreithniú chuig an bpróiseas Idir-réitigh agus Eadrána. Bhí mé sásta go mbeadh sé cuí athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas earcaíochta iontráil dhíreach do na hOifigigh le cáilíochtaí gairmiúla acu. Chuir mé san áireamh freisin gur dheimhnigh an Ceann Foirne gur thug sé ordú do Stiúrthóir an Rannóg Bainistíochta Acmhainní Daonna tús a chur leis an obair seo agus í a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas Idir-réitigh agus Eadrána.

Staidéar Cáis 7: Seasadh leis an ngearán



Ardú céime – Comórtas – Gearánach thar lear agus gan a bheith ar fáil chun agallamh a dhéanamh – Measúnú déanta gan an t-eolas iomlán – Ualach dualgais nuair a bhí an t-iarrthóir thar lear agus gan a bheith ar fáil chun agallamh a dhéanamh – Teip ar chúiseanna a sholáthar nár roghnaíodh é – Moill ar an gcomhad a chur ar aghaidh chuig an Ombudsman – Réiteach – Cé acu ar cuireadh sásamh comhréireach agus cuí ar fáil – Easpa trédhearcachta

Bhain an Gearánach an seachtú áit amach as 14 iarrthóir i gcomórtas ardú céime. Bhí díomá air maidir leis an toradh seo, d'iarr sé a Chomhad Pearsanta Taifid Réimsí a rochtain agus tugadh cead dó é seo a dhéanamh. Tar éis dó a chomhad a léamh, chuir sé iarratas ar Shásamh in Éagóracha (SiÉ) isteach, a chuir faoi chinneadh an Bhord Ardú Céime.

Fuair an Ceann Foirne sa Rialú a Chuir sé san Áireamh gurbh amhlaidh go ndearnadh éagóir ar an nGearánach, ag féachaint do na cosúlachtaí go léir. Bhí an cinneadh seo bunaithe ar roinnt tosca. Ar dtús, bhí an Gearánach thar lear tráth an agallaimh agus ní raibh sé ar fáil chun an t-agallamh a dhéanamh. Ina theannta sin, ní raibh Ceannasaí an Aonaid thar lear muinteartha go maith leis, de bharr nach raibh sé i láthair an chogaidh ach ar feadh gearrthréimhse. Bhí imní ar an gCeann Foirne freisin nár léigh Uachtarán an Bhord Agallaimh comhad Taifid Réimsí an Ghearánaigh agus freisin, nár chomhlíon Ceannasaí an Aonaid ag an nGearánach an tráth sin, AF 667nna an Ghearánaigh i leith na mblianta 2003-2006.

Fuair an Ceann Foirne, áfach, nár thug an míbhuntáiste dealraitheach seo údar maith le hiarratas an Ghearánaigh ar ardú céime a fháil chuig Sáirsint, ó dháta sular tugadh ardú céime do na hiarrthóirí ar éirigh leo. Thairg sé ina áit, trí mhodh sásaimh, gur chóir teorainn a chur leis an gcéad chomórtas eile d'fholúntas Sáirsint sa Chomplacht Póilíní Airm, Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, ionas nach bhféadfadh ach iarrthóirí ar theip

orthu sa chomórtas roimhe sin, páirt a ghlacadh ann, agus nach nglacadh comhalta ar bith den Bhord Agallaimh roimhe sin páirt sa Bhord nua seo. Thug sé ordú freisin idir an dá linn, gur chóir don GOC de chuid Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann gach iarracht a dhéanamh chun na AF 667nna ar iarraidh a chomhlánú, agus a chur ar chomhad an Ghearánaigh.

Cuireadh in iúl, agus an Gearánach ar Sheal Dualgais Thar Lear, nuair a bhí measúnú á dhéanamh ar na hiarrthóirí, go raibh sé in ord go ndéanfaidh an Bord Ardú Céime measúnú ar an nGearánach bunaithe ar a chomhad. Mhaígh mé, áfach, dá mba rud é nach raibh iarrthóir ar fáil chun agallamh a dhéanamh, go raibh tromualach dualgais ar an mBord Ardú Céime, a bheith an-chúramach, chun a chinntiú go raibh teacht aige ar thaifid iomlána agus chruinne an iarrthóra sin. Fuair mé, déanta na fírinne, nach raibh rochtain ag an mBord Ardú Céime ar an t-eolas go léir a bhain leis an nGearánach, is é sin le rá go raibh na taifid neamhiomlán, agus nár thug Uachtarán an Bhord Ardú Céime cuairt ar an Oifig Bainistíochta Taifead & Sonraí chun athbhreithniú a dhéanamh ar Thaifid Réimsí an Ghearánaigh. Chuir mé in iúl freisin go raibh inní orm, go raibh a fhios ag comhalta den Bhord Agallamh go raibh na AF 667nna ar iarraidh ó chomhad an Ghearánaigh, ach gur “cheap sé go raibh eolas leordhóthanach sa chomhad chun tuairim mheabhraithe a bhaint amach faoin nGearánach.”

Bhí an Gearánach sa chéad áit chun ardú céime a fháil de réir sinsearachta míleata. Cé gur sonraíodh nach raibh an tsinsearachta ina thoisc chinntitheach agus measúnú á dhéanamh ar Iarrthóirí, sonraíodh freisin i gcás nuair a dhéantar Iarrthóir a mholadh le haghaidh ardú céime nach bhfuil sé/sí ina (h)iarrthóir is airde de réir sinsearachta, go gcuirfear in iúl don Iarrthóir cén fáth nár roghnaíodh na hiarrthóirí níos sinsearaí ná é/í féin, nuair a bhí siad comhionann lena chéile thairis sin. Ní raibh fianaise ar bith ann gur tugadh cúiseanna don Ghearánach faoi cén fáth nár roghnaíodh é.

Faoi threoir thaithí, cáilíochtaí agus taifid an Ghearánaigh, bheadh ionchas réasúnach aige go dtabharfaí ardú céime dó. Mhaígh mé, bunaithe ar na cúiseanna a thugtar léargas orthu thuas, go raibh cúiseanna leordhóthanacha ann chun tacú leis na cúraimí agam maidir le hoibiachtúlacht an Bhord Ardú Céime. Tugadh údar maith leis an amhras maidir le trédhearcacht, oibiachtúlacht agus cothromaíocht na nósanna imeachta ardú céime.

Thairis sin, d'imigh trí mhí thart sular tugadh an comhad dom. Níor tugadh míniú ar bith ar an moill seo. Fuair mé go ndeachaigh an mhoill seo chun dochair an Ghearánaigh.

Chuir mé in iúl gur gá sochair an amhrais a thabhairt don Ghearánach faoi cé acu an n-éireodh leis dá mba rud é nach raibh na lochtanna thuasluaite sa phróiseas Comórtas Ardú Céime. Faoi treoir seo, fuair mé nach ndeachaigh an sásamh, a chuir an Ceann Foirne ar fáil, chomh fada sin chun an éagóir, a d'fhulaing an Gearánach, a chúiteamh leis go leordhóthanach agus go coibhneasach.

Mhol mé, chun cúiteamh i gceart leis an nGearánach, gur chóir ardú céime a thabhairt dó chuig Sáirsint (SWA), dátaithe roimh ardú céime a thabhairt do na hiarrthóirí eile ar éirigh leo, a bheadh leordhóthanach chun a shinsearachta a chosaint. Agus nach ndéanfar rátáil an Ghearánaigh sa seachtú áit, don ardú céime i dtrácht, a thaispeáint nó a chur ar eolas do Bhord Roghnúcháin nó Bord Ardú Céime san am atá le teacht. Mhol mé freisin gur chóir Boird Roghnúcháin nó Boird Ardú Céime nua a roghnú, a d'fhéadfadh an Gearánach teacht os a gcomhair, in ionad an bhoird a bunaíodh i leith an chomórtas i dtrácht.

Cé gur ghlac an tAire leis an gcinneadh agam gur cuireadh an Gearánach faoi mhíbhuntáiste maidir leis an ardú céime i dtrácht, ní raibh sé do thoil leis mo mholadh a leanúint. Thairg

sé, ina áit, dá gcuirfeadh an tIarrthóir iarratas isteach ar cheann amháin den dá fholúntas go rabhthar ag súil leis go dtionólfai comórtas ina leith, agus dá n-éireodh leis sa chomórtas, go ndéanfaí a cheapachán a shiardhátú go dtí an dáta ar tugadh ardú céime don iarrthóir ar éirigh leis/léi sa chomórtas bunaidh, ach gan céim níos sinsearaí a thabhairt don Ghearánach ar an iarrthóir sin.

Chuir mé in iúl don Aire go raibh imní orm nach mbeadh ach seans beag ann go ndéanfaí an éagóir a réiteach tríd an sásamh a bhí molta, de thairbhe go raibh sé beartaithe go rachadh an Gearánach ar scor i gcaitheamh an dá bhliain seo chugainn agus de thairbhe bheartas reatha an Rialtais srian a chur le harduithe céime. Níor leor an sásamh a bhí molta agus bhí sé neamhphraiticiúil. Ní raibh sé do thoil leis an Aire glacadh leis an moladh agam.

Staidéar Cáis 8: Seasadh leis an ngearán



Óglaigh Chúltaca – Cúrsa Ábhar Oifigeach – Próiseas roghnúcháin – Freastal ar an Aonad – Slí mhíchuí inar cuireadh an Gearánach ar an eolas – Tástáil folláine – Eolas mícheart sa Dialann Oiliúna – Iontrálacha scriosta

Roghnaíodh an Gearánach don dara Chúrsa Ábhar Oifigeach leis na hÓglaigh Chúltaca (ÓC). Theip ar an nGearánach sa chéad thástáil folláine agus sa tástáil folláine ina dhiaidh sin, agus briseadh í as an gCúrsa Ábhar Oifigeach. Ag leanúint iarratais mhírathúil ar Shásamh in Éagóracha (SiÉ), tharchuir an Gearánach an cás chugam.

Thug an Gearánach roinnt saincheisteanna ar aird maidir leis an bpróiseas riaracháin a bhaineann le Freastal ar an Aonad. Chuir an Gearánach in iúl nár tugadh fógra leordhóthanach do na ÓC maidir le Freastal ar an Aonad agus go raibh sé deacair oiliúint a shocrú idir an chéad thástáil folláine agus an dara tástáil. Chuir an Gearánach in iúl gur chreid sí go réasúnach go mbeadh cead aici fós an cúrsa a chríochnú, d'ainneoin gur theip uirthi sa tástáil folláine.

Fuair an tOifigeach Imscrúdaithe Míleata (OIM) go raibh údar maith le casaoid an Ghearánaigh gur cuireadh Freastal ar an Aonad in iúl go míchuí ar fad di. Mhol an OIM gur chóir cead a thabhairt don Ghearánach freastal ar a tríú Cúrsa Ábhar Oifigeach agus í a ligean saor ón obair deireadh seachtaine, ag féachaint don obair a chríochnaigh sí cheana chun ullmhú don chúrsa ar briseadh as í. Mhaígh an GOC nach bhféadfadh ionchas réasúnach a bheith ann go bhfanfadh an Gearánach ar an gcúrsa, mar cuireadh riachtanais na tástála folláine in iúl di agus theip uirthi pas a fháil sa tástáil. Mhol an GOC, áfach, gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar chomhordú na dtástálacha folláine agus an tslí inar cuireadh Freastal ar an Aonad in iúl do na ÓC. Shonraigh an GOC go molfadh sé do Stiúrthóir na ÓC gur chóir an Gearánach a ligean saor ó mhodúil a chríochnú a chríochnaigh sí cheana féin, dá roghnófar í do Chúrsaí Ábhar Oifigeach eile.

Fuair an Ceann Foirne freisin sa Rialú a Chuir sé san Áireamh nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach, mar tugadh deiseanna leordhóthanacha di chun pas a fháil sa tástáil folláine agus nach bhféadadh ionchas réasúnach a bheith ann go bhféadfadh an Gearánach leanúint ar aghaidh ar an gcúrsa nuair a theip uirthi sna tástálacha sin.

Chuir an Gearánach i gcoinne chinneadh an Cheann Foirne nach ndearnadh aon éagóir uirthi agus chuir sí in iúl go raibh easpa oiliúna ann do chlár folláine nó oiliúna coirp sna haonaid ÓC agus freisin nach raibh go leor ama ag na ÓC clár oiliúna Freastal ar an Aonad a chríochnú. Go háirithe, níor tugadh ach gearrfhógra don Ghearánach gur glacadh léi ar an gCúrsa Ábhar Oifigeach agus chuir sí in iúl gur phróiseas cruógach roghnúcháin

a bhí ann. Chuir an Gearánach in iúl freisin nach raibh go leor ama sa chúrsa chun oiliúint choirp a dhéanamh.

Sa Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin (RB) agam, fuair mé gur thug Óglaigh na hÉireann moltaí mar fhreagra ar an iarratas ar shásamh SiÉ ag an nGearánach. Fuair mé, áfach, go raibh cúram mór sa tuairisc ag an OIM maidir le socruithe riaracháin agus an chumarsáid a bhain le Freastal ar an Aonad, go háirithe nach raibh a gcritéir T1/2000 críochnaithe ag mórmhéid de na daoine a bhí ag freastal ar a leithéid de chúrsaí. Thacaigh mé le cinneadh an OIM nár cuireadh Freastal ar an Aonad in iúl go cuí don Ghearánach. Cead a thabhairt don Ghearánach freastal ar an gcéad chúrsa eile agus í a ligean saor ón obair deireadh seachtaine, fuair mé go raibh na moltaí OIM seo réasúnach agus comhréireach. Chuir mé fáilte roimh an ngealltanas athbhreithniú a dhéanamh ar riarachán tástálacha folláine do na OC.

Mar fhreagra ar an Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin agam, chuir an Ceann Foirne in iúl go ndéanadh an Stiúrthóir OC athbhreithniú ar phróisis riaracháin maidir le Freastal ar an Aonad agus ar thástálacha folláine do chomhaltaí OC.

Sa Tuarascáil Deiridh agam, mhol mé gur chóir scrúdú a dhéanamh ar phróisis riaracháin agus ar na bprótacail maidir le hiarratais ag comhaltaí OC faoin nós imeachta SiÉ. Mhol mé freisin gur chóir deis a thabhairt don Ghearánach na hiontrálacha míchruinne nó faoi argóint a scríosadh ón dialann oiliúna aici.

Fuair mé go raibh bunús maith leis an ngearán a tugadh ar aird agus go ndearnadh éagóir ar an nGearánach. Táim ag feitheamh le toradh an athbhreithnithe ar na próisis riaracháin maidir le Freastal ar an Aonad de chuid na OC.

Staidéar Cáis 9: Seasadh leis an ngearán



Sainchúrsa oiliúna – Beartas roghnúcháin – Leithcheal – Cé acu an raibh údar oibiachtúil leis an mbeartas ar neamh-roghnú – Cé acu an raibh an beartas ar chritéir fógartha go leordhóthanach

Chuir an Gearánach, comhalta den Chór Póilíní Airm (PA), iarratas isteach ar pháirt a ghlacadh in Ardchúrsa Imscrúdaitheora/Iniúcháin ar Láithreacha Coireanna (IALC) ach níor roghnaíodh é. D'eisigh sé iarratas ar Shásamh in Éagóracha (SiÉ), ag déanamh roinnt gearán faoin bpróiseas roghnúcháin.

Ar dtús, bhí sé ag gearán go roghnaíodh méid díreireach iarrthóirí ó na haonaid eile i gcoibhneas leis an bpearsanra póilíní airm sna haonaid sin. Thug an Gearánach faoi deara nach ndearnadh comhalta ar seirbhís ar bith a roghnú ón aonad aige don chúrsa IALC riamh, mar a admhaíodh agus an t-imscrúdú á dhéanamh. Bhí sé ag gearán freisin, d'ainneoin iarratas a chur isteach ar an gcúrsa i dtrácht gach uair a foilsíodh é ón mbliain 2002 ar aghaidh, nár roghnaíodh riamh é agus d'éiligh sé go raibh impleachtaí ag baint leis seo don fhorbairt slí bheatha aige. Chuaigh sé chun argóint freisin le comhalta áirithe eile a roghnú, a chuir sé in iúl gurbh fhoichomhalta é ó thaobh seirbhíse de.

Fuair an tOifigeach Imscrúdaithe Míleata (OIM) go raibh beartas leanúnach ann tosaíocht a thabhairt do phearsanra, ó na haonaid go raibh ról tiomnaithe imscrúdaithe acu, in ionad an phearsanra ar seirbhís in aonad an Ghearánaigh. Fuair sé gur diúltaíodh go seasta don phearsanra ar seirbhís in aonad an Ghearánaigh, páirt a ghlacadh sa chúrsa seo, agus gan deis a bheith ag na comhaltaí aistriú ón aonad seo nó an cúrsa a dhéanamh, go raibh forbairt

slí bheatha phearsanra an aonad seo laghdaithe go soiléir. Fuair sé freisin nár roghnaíodh an comhalta sóisearach ainmnithe de réir beartais ghinearálta. D'aontaigh an GOC le cinneadh an OIM, cé nach ndearnadh éagóir ar an nGearánach, go raibh cúiseanna leis an ngearán agus mhol sé gur chóir an beartas a athrú chun caitheamh le gach comhalta den phearsanra póilíní airm mar an gcéanna.

Fuair an Ceann Foirne nach ndearnadh aon éagóir ar an nGearánach, go mbeadh sásamh ag teastáil ina leith. Chuir sé in iúl gurbh í ábharthacht an chúrsa an rud ba thábhachtaí d'fhostaíocht reatha agus todhchaí an iarrthóra, agus a húsáid agus a buntáiste oibríochtúil d'Óglaigh na hÉireann. Chuir sé in iúl nach raibh an tsinsearachta ina toisc chinntitheach agus roghanna á ndéanamh, ach toisc nach raibh ach méid áiteanna teoranta ar an gcúrsa, go gcaithfeadh an pearsanra ar an gcúrsa na scileanna a d'fhoghlaim sé a úsáid chun cur le héifeachtacht oibríochtúil Óglaigh na hÉireann, sa bhaile agus thar lear. Shonraigh an Ceann Foirne gur thug sé ordú, athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir roghnúcháin reatha, d'fhonn díriú ar shaincheisteanna gaolmhara slí bheatha agus ar na pointí ar ar tugadh aird sa SiÉ ag an nGearánach.

Fuair mé gur laghdaíodh tábhacht an iarratais seo, nár bhain an cúrsa leis an nGearánach, mar bhí an Gearánach ar seirbhís thar lear nuair a scríobhadh é agus go mbainfeadh an Gearánach sochar as an gcúrsa dá mba rud é gur tugadh cead dó é a dhéanamh.

An cheist a tháinig chun cinn ná cé acu an raibh údar oibiachtúil leis an struchtúr agus an próiseas. Chonacthas, bunaithe ar na fírinne a cuireadh i láthair, nach ndearnadh agóid ina gcoinne, gurbh fhéidir cur i bhfeidhm an bheartais seo a fhorléiriú go réasúnach mar phróiseas leatromach.

Ba í an cheist a tháinig chun cinn ansin, ná cé acu an ndearnadh an socrú nó beartas riartha a fhógairt agus a chur in iúl go soiléir do na comhaltaí a bhainfeadh sé leo. Ba chóir a chur in iúl do na comhaltaí roimh ré na himpleachtaí a bhaineann le dul isteach san aonad. Ba chóir an beartas a chur in iúl do na comhaltaí freisin, sula roghnófar iarrthóirí don chúrsa i dtrácht.

Nuair a rinne mé réamhscrúdú, ní raibh fianaise ar bith ann a thabharfadh le tuiscint go ndearnadh an socrú nó beartas a riar go cóir. Tugadh an postú seo don Ghearánach sa bhliain 1990 agus níor tugadh comhairle riamh dó go gcuirfí teoranna leis an gconair slí bheatha aige.

Agus mo dhualgas á aithint agam chun riachtanais oibiachtúla Óglaigh na hÉireann a chur san áireamh, bhí mé freagrach as measúnú a dhéanamh ar cé acu ar baineadh cóimheá de chaighdeán inghlactha amach idir cearta na gcomhaltaí aonair agus na heagraíochta.

Fuair mé nár baineadh an chóimheá seo amach agus go ndearnadh an socrú nó beartas a riar agus a bhainistiú go neamhchuibhiúil agus go míchóir, a chuir cosc ar an nGearánach páirt a ghlacadh sa chúrsa IALC.

Chuir an Ceann Foirne in iúl dom go raibh an t-ábhar seo lasmuigh den dlínse agam, de bharr gur bhain an gearán le hábhar oibiachtúil. Chuir mé an fhírinne san áireamh go bhféadfaí breithniú ar an gcás seo mar chás a thagann laistigh de na cinntí “eagraíochta, struchtúir agus imscartha” atá ina chuid den dlínse agam, mar a thugtar léargas orthu in Alt 5(1)(d)(ii) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004. Bhí mé den tuairim, áfach, cé go raibh sé soiléir go bhféadfadh an socrú i dtrácht oibriú go míchóir go ginearálta, agus go ndearna sé é seo go sainiúil maidir leis an nGearánach, go mbeinn ábalta scrúdú a dhéanamh air.

Chuir an Gearánach seo agus beirt Ghearánach eile ón aonad céanna a ngearáin isteach, thart ar an am céanna, i ngach cás, sular cuireadh tús leis an gcúrsa i dtrácht. Áiríodh leis

an sásamh seo go nglacadh na Gearánaigh páirt sa chúrsa agus, cé nach raibh ach méid teoranta ama ann, eisíodh Teastas Práinne. D'ainneoin é seo, bhain moill mhór le SiÉ an Ghearánaigh a láimhseáil.

Bhí mé sásta a thabhairt faoi deara, gur chuir an Ceann Foirne in iúl go raibh díomá air gur thóg sé chomh fada sin chun an gearán a phróiseáil. Chuir sé in iúl, nár tugadh comhairle don OBPL, trí dhearmad, gur eisíodh Teastas Práinne i leith an cháis seo. Chuir mé fáilte roimh an bhfírinne gur thug sé ordú, gach iarracht a dhéanamh san am atá le teacht, chun cosc a chur ar a leithéid de mhoilleanna. Cé gur chríochnaigh an cúrsa i dtrácht sular thug an Ceann Foirne freagra ar an ngearán, níor thug mé leis an tuairim aige nach raibh tionchar diúltach ag an moill ar an nGearánach. Mhaígh mé, bunaithe ar an méid ama a thóg sé chun an gearán seo a phróiseáil, gur tháinig tionchair dhiúltacha bhreise chuig an nGearánach.

Mhol mé gur chóir a chur in iúl go soiléir don phearsanra ábhartha go bhfuil beartas ann nach roghnaítear comhaltaí ó aonad an Ghearánaigh don chúrsa IALC, agus é a fhógairt go forleathan laistigh d'Óglaigh na hÉireann, chun a chinntiú go raibh na himpleachtaí, a bhaineann le dul isteach san aonad sin, ar eolas ag na comhaltaí. Ba chóir próiseas roghnúcháin an chúrsa a chur in iúl roimh ré do na comhaltaí.

Ag deireadh na bliana, ní raibh freagra ar bith faighte agam fós ón Aire.

Staidéar Cáis 10: Seasadh leis an ngearán



Ardú céime – Comórtas – Cead tugtha don iarrthóir ar éirigh leis, an chéim mhícheart a chaitheamh – AF 667 gan a bheith os comhair an Bhord Agallaimh – Cúiseanna doiléire tugtha don chinneadh – Míchruinnis fhíorasacha sa tuairisc ag an mBord Agallaimh – Easpa trédhearcachta – Nochtadh laofachta

Theip ar an nGearánach san iarratas aige post a fháil mar Mhaor-Sháirsint an Chathláin (MSC). Ag leanúint iarratais mhírathúil ar Shásamh in Éagóracha, tharchuir sé a ghearán chugam. Thug an Gearánach aird ar roinnt saincheisteanna maidir leis an gcomórtas.

Ar dtús, líomhain an Gearánach gur tugadh cead trí dhearmad don iarrthóir ar éirigh leis, sula ndearna sé an t-agallamh don cheapachán, agus díreach ina dhiaidh sin, céim Mhaor-Sháirsint an Chathláin a chaitheamh. Maíodh gurbh é Uachtarán an Bhord Agallaimh, a bhí ina Oifigeach Coimisiúnta don iarrthóir ar éirigh leis, a thug cead don iarrthóir seo an chéim mhícheart a chaitheamh agus gur thaispeáin sé seo go raibh an t-iarrthóir sin roghnaithe roimh ré.

D'admhaigh Óglaigh na hÉireann gur tugadh cead trí dhearmad don iarrthóir ar éirigh leis, an chéim sin a chaitheamh, ach nach bhféadfaí brath ar seo mar rud éigin a chuaigh i bhfeidhm go míchuí ar an mBord Agallaimh, mar chaith an t-iarrthóir a phríomhmharcálacha céime agus a éide i gcaitheamh an phróiseas agallaimh. Shonraigh an Ceann Foirne go raibh an t-iarrthóir ina Mhaor-Sháirsint Gníomhach an Chathláin roimhe sin, ach gur scoir sé den ról sin agus go ndearna sé dualgais Mhaor-Sháirsint an Chathláin agus liúntas ionadaithe á fháil aige. Faoi na rialacháin ábhartha, ba chóir go mbeadh sé imithe ar ais go dtí a chéim agus éide féin nuair a scoir sé de bheith ina Mhaor-Sháirsint Gníomhach an Chathláin.

Sa Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin (RB) agam, bhí mé in amhras conas a tharla sé seo, agus d'fhreagair an Ceann Foirne, gur iarr sé ar Stiúrthóir an Rannóg Bainistíochta

Acmhainní Daonna athbhreithniú a dhéanamh ar an tsaincheist agus tuairisc a thabhairt dó. Sa Tuarascáil Deiridh agam, fuair mé, cé nach raibh caitheamh chéim an Mhaor-Sháirsint ar Chathláin ag an iarrthóir ar éirigh leis, ina fhianaise láidir le hé a roghnú roimh ré, go bhféadfadh sé, i dteannta le hearráidí próisis eile, a bheith ina chúis réasúnach le laofacht a thabhairt faoi deara ag an nGearánach.

Ina theannta sin, chuir an Gearánach in iúl nár próiseáladh a AF 667 don bhliain 2006, sular tháinig an Bord Agallaimh le chéile in Aibreán, 2007. Cheap sé gur chóir go mbeadh fiosrúchán déanta ag an mbord agallaimh, ar a laghad ar bith, faoi cá raibh sé, agus gur thaispeáin an easpa spéise dhealraitheach seo i measúnú iomlán a dhéanamh ar a fheidhmíocht, go raibh an t-iarrthóir roghnaithe roimh ré. Thaispeáin sé go mbeadh AF 667 an iarrthóra ar éirigh leis, scríofa ag Uachtarán an Bhord Agallaimh, nó ceadaithe aige ar a laghad. Sa Réamhthuarascáil Bhreithniúcháin agam, d'iarr mé eolas agus dearbhuithe maidir le AF 667nna na n-iarrthóirí a tháirgeadh go seasta. Bhí na freagraí gan mórán dealraimh, ag déanamh tagartha d'fhoichomhad a ullmhú agus d'Fhoirm FF Iarscríbhíne a chomhlánú. Dheimhnigh an Ceann Foirne nach raibh an AF 667 de cheachtar den bheirt iarrthóir os comhair an Bhord Agallaimh. Fuair mé, áfach, go mbeadh dlútheolas ag Uachtarán an Bhord Agallaimh, a bhí ina Oifigeach Coimisiúnta don iarrthóir ar éirigh leis, ar stair slí bheatha an iarrthóra sin agus go mbeadh rún aige ar na taifid go léir ag an iarrthóir, tar éis dó a ainm a chur le Foirm FF Iarscríbhíne an iarrthóra.

Líomhain an Gearánach freisin go raibh míchruinnis fhíorasacha ann maidir lena thaifead seirbhíse sa tuairisc ag an mBord Agallaimh, go háirithe maidir lena sheirbhís thar lear agus leis an tréimhse ama a chaith sé ina Mhaor-Sháirsint Gníomhach an Chathláin. D'admhaigh an Ceann Foirne an earráid dheireanach agus shonraigh sé go mbeadh Stiúrthóir an Rannóg Bainistíochta Acmhainní Daonna ag féachaint uirthi. De bhreis ar seo, d'éiligh an Gearánach nár tugadh cúiseanna mionsonraithe sa tuairisc faoi cén fáth nár roghnaíodh é. Cheap sé go raibh sé míchóir go háirithe gur roghnaíodh iarrthóir níos sóisearaí ná é féin, nuair a bhí taithí fhadréimseach aige, sa bhaile agus thar lear, ina lán ról difriúil agus tuairiscí “thar barr” faighte aige i gcónaí. Ina theannta sin, chuaigh an Gearánach chun argóint an mhodha inar chuir Uachtarán an Bhord Agallaimh ceisteanna air. Go háirithe, líomhain sé gur cuireadh ceist air cad a cheapfadh Sáirsint i gCeannas sa chathlán, dá mba rud é go dtabharfaí ardú céime Mhaor-Sháirsint an Chathláin do “strainséir”.

Bhí mé in amhras conas a ndearna an Bord Agallaimh cáilíochtaí coibhneasta na n-iarrthóirí a mheas agus a chur do shochar. Níor baineadh úsáid as tábla pointí. Cé go raibh sé deacair a rá go cinnte cé acu an mbainfeadh toradh difriúil le tábla pointí a úsáid, chuirfeadh sé ar chumas an Bhord Agallaimh bonn roghnúcháin níos oibiachtúla agus níos trédhearcaí a thaispeáint. Bhí imní orm nuair a thug mé faoi deara nár léir go raibh nósanna imeachta comhsheasmhacha ann chun a chur in iúl d'iarrthóirí nár roghnaíodh iad nó na cúiseanna leis seo, agus le scéal leantach/aiseolas a sholáthar, mar a mhol an Grúpa Stiúrtha ar Chomhionannas sa bhliain 2004 agus a fhorghuinigh mé in a lán cásanna.

Bhain mé de thátaí as go raibh bunús maith le roinnt cúraimí a tugadh ar aird agus go raibh gné amhrais ann maidir leis an gcomórtas, a thig as easpa comhsheasmhachta san eolas a breithníodh air i leith gach iarrthóra, agus na nósanna imeachta a ghlac an Bord leo.

Mhol mé go raibh cúiseanna leis na neamhréireachtaí sin a chur in iúl don Ghearánach agus le réiteach cuí a chur ar fáil dó.

Mhol mé freisin gur chóir creat ama a shocrú chun go ndéanadh Stiúrthóir an Rannóg Bainistíochta Acmhainní Daonna athbhreithniú ar an saincheist go gcaitheann comhaltaí ghníomhacha céim Mhaor-Sháirsint an Chathláin.

Ar deireadh, mhol mé gur chóir breithniú ar na nósanna imeachta le cur in iúl do na hiarrthóirí nár roghnaíodh iad agus le cúiseanna a sholáthar don chinneadh seo, chomh maith le nósanna imeachta aiseolais.

Ghlac an tAire leis an gcinneadh agam gur chuir tuairisc an Bhoird tréimhse seirbhíse níos giorra mar Mhaor-Sháirsint Cúnta an Chathláin síos don Ghearánach, ná an méid ama a chaith sé sa phost seo, ach níor cheap sé “go raibh tionchar mór ag an earráid seo” ar an toradh. Maidir leis an míchruinneas dealraitheach sa tuairisc ag an mBord, i ndáil le taithí thar lear an Ghearánaigh, níor ghlac an tAire leis an gcinneadh agam go raibh “fianaise leordhóthanach ann chun a bhaint de thátal as” nár leanadh na nósanna imeachta cearta. Níor aontaigh an tAire leis an gcinneadh agam freisin go raibh easpa cúiseanna leis an gcinneadh, agus shonraigh sé gur “ceist bhreithiúnais” a bhí ann agus gur “tuairisc shamplach ba ea an tuairisc sin” de na tuairiscí eile agus “dá bharr sin... gur comhlíonadh an riachtanas”.

Dheimhnigh an tAire, áfach, gur ionchorpraíodh táblaí pointí agus nósanna imeachta fógra agus aiseolais sna dréacht-nósanna imeachta nua roghnúcháin, de réir na moltaí agam. D’admhaigh an tAire go raibh roinnt neamhréireachtaí sa taifead ag an mBord agus i dtuairimí maidir leis an gcéim a chaitheamh, agus go raibh seans ann gur chuir na saincheisteanna seo, chomh maith le saincheisteanna eile, an Gearánach go mór thar a dhóigh.

Chuir an tAire in iúl dom go ndearnadh athbhreithniú ó shin i leith ar stríoca á gcaitheamh ag comhaltaí ghníomhacha, agus go ndearnadh na nósanna imeachta ábhartha a athchóiriú, ionas go bhféadfaí leanúint de cheapacháin a chur ar fáil agus post áirithe á chomhlíonadh. Thabharfadh sé seo cead do na comhaltaí na stríoca a chaitheamh. D’admhaigh an tAire go raibh sé seo contrártha leis na Treoracha Riaracháin a bhí i bhfeidhm ag an tráth ábhartha.

Staidéar Cáis II: Gearán lasmuigh de na téarmaí tagartha



Seirbhís Altranais an Airm – Dlíne – Bulaíocht & Ciapadh Líomhnaithe – Athbhreithniú neamhspleách ar bith

Mhaígh comhalta de Sheirbhís Altranais an Airm (SAA), go raibh deacrachtaí suntasacha idirphearsanta aici san ionad oibre agus líomhain a hionadaithe gur bhulaíocht agus/nó ciapadh a bhí i trácht.

Thug sí aird ar an ngearán faoin bpróiseas inmheánach casaoide do chomhaltaí SAA, a thugtar léargas air sna Rialacháin Óglaigh na hÉireann, A 14, Mír 19. D’iarr sí ina dhiaidh sin an gearán a tharchur chugam, ach níl rochtain ag comhaltaí SAA ar an Oifig agam. Thug mé an tsaincheist os comhair an Aire Cosanta, nach bhfuil rochtain leordhóthanach ag comhaltaí SAA ar athbhreithniú neamhspleách ar a gcasaoidí. Táim ag tnúth le plé breise a dhéanamh ar an tsaincheist seo leis an Aire.

*Chuir Oifig an Ombudsman d'Óglaigh
na hÉireann athbhreithniú ar rialuithe
inmheánacha airgeadais i gcrích go sásúil.*

Sliocht ó 'Buaicphointí 2009'

Rannóg VII

Achoimre ar Cheithre Bliana Oibre ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Ó Nollaig 2005 ar aghaidh, tá slí sásaimh neamhspleách, oibiachtúil agus inrochtana curtha ar fáil ag Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann (OÓÉ) do chomhaltaí aonair agus iarchomhaltaí Óglaigh na hÉireann agus tá maoirseacht déanta aici ar chleachtais riaracháin agus shistéamacha.

Bunaíodh Oifig an Ombudsman míleata in Éirinn mar fhreagra ar éileamh soiléir i measc chomhaltaí Óglaigh na hÉireann ar nós imeachta sásaimh trédhearcach agus cóir, a bheadh neamhspleách ó shlabhra ceannais Óglaigh na hÉireann, ó rúnaíocht na roinne agus ón Aire Cosanta.

Bhí eagraíochtaí ionadaíochta Óglaigh na hÉireann, go háirithe Comhlachas Ionadaitheach Chéimnigh Eile na mBuan Óglach (CICEBÓ), ar thús cadhnaíochta san fheachtas chun an OÓÉ a bhunú. Cuireadh in iúl go soiléir trí chinntí na tuairisce *'The Challenge of a Workplace'* (Dúshlán an Ionaid Oibre), a foilsíodh i Márta 2002, go raibh oifig neamhspleách riachtanach chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin. Thaispeáin an tuairisc, a rinne an Dr. Eileen Doyle agus a foireann saineolaithe, go raibh easpa muiníne forleathan agus scriosúil ann sna gnáthnósanna imeachta sásaimh mhíleata, dá ngairtear Sásamh in Éagóracha (SiÉ).

Léiríodh an tráth sin gurbh ábhar corrach agus imníoch a bhí ann. Ba léir go raibh an t-athchóiriú riachtanach. Ag féachaint do na rioscaí ollmhóra a bhfuil pearsanra Óglaigh na hÉireann ullamh gabháil tríothu chun a dhualgas a chomhlíonadh, bheadh sé dofhulaingthe achomharc neamhspleách ar a gcasaidí a dhiúltú dó.

Sa bhliain 2002, d'fhreagair an Rialtas don iarratas ar chóras neamhspleách a bhunú, chun maoirseacht a dhéanamh ar na próisis shásaimh a bhí ann cheana féin, agus d'fhoilsigh sé reachtaíocht chun Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann a bhunú. Rinneadh díospóireacht fhorleathan ar an reachtaíocht san Oireachtas agus fuair sí tacaíocht ó na páirtithe go léir. Ar an 1 Meán Fómhair 2005, ceapadh mar an chéad Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann mé ag an Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa agus tháinig an Oifig i bhfeidhm ar an 1 Nollaig na bliana sin.

I dteannta le cásanna a phlé, a tarchuireadh chugam ó bunaíodh an oifig ar aghaidh, díríodh freisin, agus an Oifig ag oibriú do na chéad mhíosa aici, ar ról agus sainordú an OÓÉ a chur in iúl go héifeachtach do na pobail go léir a fhreastalaíonn an Oifig agam orthu, go háirithe comhaltaí reatha agus iarchomhaltaí Óglaigh na hÉireann.

Cé go raibh mé ag obair i m'aonar go dtí Meitheamh 2006, cion oibre fiordhochraideach ba ea é seo. I gcaitheamh na tréimhse seo, áfach, chuir an Oifig agam a hainm le sainaitheantas corparáideach, choimisiúnaigh sí córas sainiúil ríomhairithe monatóireachta cáis, chuir sí 10,000 bileog OÓÉ le chéile agus dháil sí iad, agus rinne sí an suíomh gréasáin www.odf.ie a cheapadh agus a lainseáil. Thug mé cuairt ar an Aerchór, ar Cheanncheathrú na Seirbhíse Cabhlaigh agus ar gach Briogáid Airm agus d'fhreastail mé freisin ar chomhdhála

agus seimíneáir iomadúla, chun a chinntiú gur cuireadh an Oifig agam in iúl do pháirtithe leasmhara agus chun aiseolas a fháil uathu ar réimse leathan saincheisteanna. D'fhreastail mé freisin ar chruinnithe faisnéise le comhaltaí shinsearacha de chuid cheannasaí agus foireann Óglaigh na hÉireann.

Ó thosach, bhí sé leagtha amach agam go mbunódh an Oifig agam cáil oscailteachta agus freagrachta agus go mbeadh sí ullamh chun gabháil i mbun dialóige cuidithí le comhaltaí an Bhuanfhórsa Cosanta agus na nÓglach Cúltaca, agus rinne mé mo dhícheall chun a chinntiú gur lean na saintréithe seo de bheith ina bpáirt lárnach d'éiteas na hOifige agam i gcaitheamh na mblianta ina dhiaidh sin.

Ó tháinig an Oifig agam i bhfeidhm i Nollaig 2005, pléadh le breis is 380 cás aonair agus thug sí spreagadh mór don athchóiriú laistigh d'Óglaigh na hÉireann.

Agus an Oifig agam ag oibriú don chéad sé mhí, thug Óglaigh na hÉireann nósanna imeachta nua eatramhacha roghnúcháin isteach, a bhain le seirbhís thar lear agus cúrsaí slí bheatha. Bhí tionchar láithreach ag an athchóiriú seo, a bhí bunaithe ar na moltaí sna chéad Thuarascálacha Deiridh agam mar Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

Chomh fada siar le Márta 2006, tugadh freagra tapa agus dearfach ar roinnt de na chéad chásanna agam, ina bhfuair mé go raibh easpa comhsheasmhachta ann sna critéir in úsáid sna nósanna imeachta roghnúcháin. D'eisigh an Leas-Cheann Foirne Litir Treoracha, inar thug sé ordú díriú ar an tsaincheist seo láithreach.

Mar fhianaise ar luach an fhreagra seo ó Óglaigh na hÉireann, is fiú a thabhairt faoi deara, gur bhain 31% de chásanna sa bhliain 2006 le gearáin ar na próisis a úsáideadh chun comhaltaí a roghnú do chúrsaí slí bheatha. Sa bhliain 2007, thit líon na gcásanna sin go dtí 13% agus d'fhan sé mar seo go seasta.

Cuireadh ar mo shuaimhneas mé gur éirigh leis an Oifig agam muinín agus iontaobh a bhaint amach i measc phearsanra Óglaigh na hÉireann de gach uile céime. Sa bhliain 2007, agus an Oifig ag oibriú don dara bliain, tháinig breis is 20% de chásanna, arbh fhéidir imscrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, ón gcéim Leifteanaint nó níos airde. Sa bhliain 2007 freisin, chonacthas na chéad chásanna ó chomhaltaí na Seirbhíse Cabhlaigh agus an Aerchoir.

Ní bhreithním amháin, sna Tuarascálacha Deiridh a eisím, ar chás an chomhaltaí aonair, ach cuireann na himscrúduithe agam béim freisin ar réimsí cleachtais riaracháin agus bainistíochta acmhainní daonna de chuid Óglaigh na hÉireann, ar cóir athchóiriú a dhéanamh orthu. Gealltanais a thug na húdaráis mhíleata agus an tAire Cosanta mar fhreagra ar na moltaí agam, a bhí baint acu lena leithéid d'ábhair, rinne mé monatóireacht orthu go géar chun a fheiceáil an raibh siad á gcur i bhfeidhm.

Tugtar léargas sa mhéid seo a leanas ar na réimsí ina raibh tionchar dearfach ag an Oifig agam ar roinnt cleachtas riaracháin mhíleata. Mar atá le feiceáil, thug na moltaí agam spreagadh don athchóiriú trasna raon leathan réimsí, lena n-áirítear rochtain ar an eolas ar chomhaid phearsanta na gcomhaltaí, nósanna imeachta roghnúcháin agallaimh níos trédhearcaí agus athbhreithniú ar mheasúnuithe feidhmíochta. Is féidir a rá go cinnte gur cuireadh athruithe i gcrích, a théann ina luí go praiticiúil ar shaolta laethúla oibre de chomhaltaí Óglaigh na hÉireann.

Braitear go ceart ar an obair mhaoirseachta a dhéanann Ombudsman neamhspleách, ar sheirbhísí a sholáthar agus ar chearta a chosaint, mar obair a chuireann dea-chleachtas chun cinn laistigh de na hinstiúidí a bhfuil dlínse ag an Ombudsman orthu.

Nuair a bhunaítear Oifig an Ombudsman, d'fhéadfadh sí a bheith ina cúis le hathchóirithe láithreacha sofheicthe ach, le himeacht ama, fásann na sochair leanúnacha, de bhua gur mar dhearbhcloch a fheidhmíonn an Oifig. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag oifig maoirseachta neamhspleách, ar tugadh an chumhacht cheart di, ar conas a dhéantar daoine a bhainistiú, atá ina gcuid d'institiúid, agus caighdeáin inghlactha a chur chun cinn chun caitheamh le comhaltaí na hinstitiúide.

Tá sé seo fíor go háirithe maidir le hOmbudsman a phléann le casaoidí míleata, pointe a thugtar faoi deara go forleathan, mar shampla, ar shuíomh gréasáin Choimisinéir Parlaiminte na Gearmáine do na Fórsaí Armtha, Reinhold Robbe, ina shonraítear:

“Tugann taithí le fios go bhfuil tionchar dearfach ar iompar na ceannaireachta ag coimisinéir neamhspleách a bheith ann, ar féidir le comhalta ar bith de na fórsaí armtha dul i muinín leis.”

I rith mo bheart, áfach, braitheann éifeachtacht a leithéid d'Oifig, i dtéarmaí réadacha, ar an gceannaireacht pholaitiúil agus ar cheannaireacht na n-institiúidí, a dhéanann an tOmbudsman maoirseacht orthu. Ó thaobh an Dlí Choiteann de, is féidir a rá go cinnte go dtugann Ombudsman reachtúil rochtain níos leithne ar an gceart, ach ní foláir idirdhealú a dhéanamh idir an fheidhm seo agus an córas breithiúnach – tugann Ombudsman reachtúil moltaí agus braitheann sé/sí, dá bhrí sin, ar an údarás morálta a thacaíonn le bunú na hOifige, chun a chinntiú go gcuirtear réitigh agus sásamh i bhfeidhm. Rinne an tOmbudsman bunaidh do na Fórsaí Armtha i gCeanada, an tUasal Andre Main, tagairt do ‘áiteamh morálta’ sa chás seo. Ní amháin go mbraitheann an tOmbudsman ar thoilteanas na hinstitiúide faoi shainchúram aige, cloí leis na moltaí, ach go mbeadh réamhfios aici freisin ar na sochair fhadtéarmacha ag gabháil don institiúid.

Thuig mé an prionsabal seo le déanaí nuair a tugadh cuireadh dom aitheasc a thabhairt ag comhdháil eagraithe ag an Civil Mediation Council (CMC) (Comhairle Idirghabhála Sibhialta) sa Ríocht Aontaithe, a rinne scrúdú ar na sochair a bhaineann le hidirghabháil i ndíospóidí ionaid oibre. Tar éis dom an t-aitheasc a thabhairt, rinneadh plé ar na costais, ar an oiread sin leibhéal, don institiúid agus do na daoine inti, a bhaineann le díospóidí ionaid oibre sna heagraíochtaí is leasc leo glacadh le roghanna neamhsháraíochta, agus dúirt Sir Henry Brooke go heagnaí, Iar-Bhreitheamh na Cúirte Achomhairc, agus Cathaoirleach ar an CMC anois, le húdarás na taithí aige, gurbh í an cheannaireacht an eochair d'athrú agus athchóiriú suntasach institiúideach.

Athrú a chur i bhfeidhm ar conas a phléitear le díospóidí nó casaoidí idirphearsanta laistigh d'institiúid nó ionad oibre, go háirithe na cinn le cultúr ar leith acu, caithfidh ceannairí fadbhreathnaitheacha le meanma acu a bheith ann chun é seo a dhéanamh. Gan an tiomantas d'athrú seo, ar mhaithe le heagraíocht san fhadtéarma, is beag an rud a thiocfadh athrú bisigh air.

Agus léiriú á thabhairt agam ag an gcomhdháil CMC, bhí áthas orthu a bheith ábalta mórchuid den dul chun cinn oibre ag an Oifig agam a chur síos do cheannaireacht Óglaigh na hÉireann.

Ó ceapadh i m'Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann mé sa bhliain 2005, ní amháin go bhfuil dearcadh oscailte feicthe agam ó shin i leith ón mbeirt Cheann Foirne a bhí in oifig i gcaitheamh na téimhse seo, ach go raibh siad ullamh freisin gabháil le hathrú dearfach. Ba mhór an cúnamh ó Leifteanantghinearál Jim Sreenan agus Leifteanantghinearál Dermot Earley, a thug tacaíocht do chuspóirí na hOifige OÓÉ. Thaispeáin an bheirt Cheann Foirne go bhfuil an-imní orthu faoi leas na ndaoine a dhéanann seirbhís airm ar son na tíre agus faoi mar a gcaitear leo. D'admhaigh an bheirt acu go mbaineann sochar

fadtéarmach le hathchóiriú a dhéanamh ar na cleachtais atá ina gcúis le casaoidí agus le haithint mhíchothromaíochta.

Cuireadh ar an eolas mé a leithéid de cheannaireacht a fheiceáil ar siúl, thar na céime criticiúla, agus tús á chur leis an Oifig OÓÉ.

Mar a luaitear thuas, ba í ceann de na cúiseanna a bhí le bunú na hOifige agam, ná gur admhaíodh go bhfuil sé tuillte go maith ag an daoine atá roghnaithe acu dul ar seirbhís ar son na tíre, le hÓglaigh na hÉireann, leis na rioscaí go léir a ghabhann leis seo, go mbeadh meas ar an dínit agus ar na cearta acu san ionad oibre, ar neamhchead do riachtanais uathúla na seirbhíse míleata sa struchtúr slabhra ceannais. Déanann an Oifig agam a dícheall chun páirt a ghlacadh sa chuspóir sin anseo in Éirinn.

Bhí sé tráthúil go maith, agus an Oifig á bunú ar dtús sa bhliain 2006, gur tugadh cuireadh dom páirt a ghlacadh i dtionscadal a bhí á stiúradh ag an Eagraíocht um Shlándaíl agus Chomhoibriú san Eoraip (OSCE-ODIHR) i gcomhar leis an Ionad do Rialú Daonlathach ar na bhFórsaí Armtha (DCAF), atá bunaithe sa Ghinéiv, a phléigh leis an tsaincheist maidir le cearta pearsanra míleata ó dhearcadh idirnáisiúnta, leis an gcoincheap treorach 'An Saoránach faoi Éide'.

Tugadh cuireadh dom dul isteach sa Mheitheal Saineolaithe, a cuireadh le chéile chun 'The Handbook on Human Rights and Fundamental Freedoms of Armed Forces Personnel' (Lámhleabhar ar Chearta Daonna agus Saoirsí Bunúsacha de Phearsanra na bhFórsaí Armtha) a scríobh. D'fhoghlaim mé a lán rudaí agus mé ag obair leis an Meitheal Saineolaithe ar an tionscadal seo, agus chuir sé na difríochtaí in iúl dom go géar sa tslí ina bpléitear i dtíortha eile le cearta agus cosaintí chomhaltaí na bhFórsaí Armtha, maidir leis an raon ábhar a cuireadh san áireamh sa staidéar.

Onóir ba ea í cuireadh a fháil chun spreagaitheasc a thabhairt ag lainseáil an Lámhleabhair i Bealtaine 2008. Acmhainn luachmhar is ea an Lámhleabhar seo, a sholáthraíonn léargas ginearálta ar conas a phléitear go difriúil, ó thaobh cultúir agus córais de, leis na príomhshaincheisteanna a bhaineann le cearta agus leas phearsanra na bhfórsaí armtha i roinnt dlínsí.

Bhí sé an-spéisiúil le déanaí nuair a chuir Oifigeach Éireannach agallamh orm, a roghnaigh an t-ábhar seo don thráchtas aige ar a Chlár máistreachta. Chuir Oifigeach Éireannach agallamh orm freisin, a roghnaigh an próiseas Sásamh in Éagóracha mar ábhar an thráchtas aige dá Chéim mháistreachta. Tá súil agam go mbeidh seans agam an taighde seo agus samplaí taighde eile a chur i láthair agus a phlé.

Forbairt mhór agus thráthúil ba ea é, Ombudsman reachtúil neamhspleách d'Óglaigh na hÉireann a bhunú, agus cuireann sé Éire i bhfiorthosach na nuálaíochta san réimse seo. Tá an obair ag an Oifig agam bunaithe go príomha ar phrionsabail bhunaidh ról an Ombudsman: cothromaíocht, neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus freagracht.

Ó ceapadh mar Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann mé i Meán Fómhair 2005, tá dianiarracht déanta agam ó shin i leith, chun an méid ama is mó agus is féidir a chaitheamh ag bualadh le comhaltaí Óglaigh na hÉireann de gach céim, agus lena n-eagraíochtaí ionadaíochta. Ní amháin gur gné thábhachtach é seo de chur chun cinn na feasachta agus tuisceana ar ról agus sainordú na hOifige agam, ach tugann sé deis dom freisin aiseolas rithábhachtach a fháil ó na páirtithe leasmhara sin.

Mar a luaigh mé roimhe seo, garsprioc ba ea í i dtús a chur le athchóiriú ar an gcultúr, ar nósanna imeachta, ar phróisis agus ar an mbainistíocht acmhainní daonna in Óglaigh

na hÉireann, nuair a foilsíodh an tuairisc ag an Dr. Eileen Doyle ‘*The Challenge of a Workplace*’ (Dúshlán an Ionaí Oibre). Tar éis don tuairisc seo a fhoilsiú, bhí an Dr. Doyle ina cathaoirleach ar dhá Ghrúpa Monatóireachta Neamhspleách ar leith, a rinne maoirseacht ar athchóirithe ar cuireadh tús leo de dhroim na tuairisce ‘*The Challenge of a Workplace*’ (Dúshlán an Ionaí Oibre), agus rinne sí moltaí breise. I Meán Fómhair 2004 agus i Nollaig 2008 faoi seach, d’fhoilsigh an dhá Ghrúpa Monatóireachta Neamhspleách tuairiscí. Tuairiscí fíorluachmhara ba ea na tuairiscí seo don obair á déanamh ag an Oifig agam. Pointe tábhachtach tagartha ba ea iad freisin agus imscrúdú á dhéanamh ar a lán cásanna aonair agus iad á tabhairt chun críche.

Is onóir dom é go háirithe gur aontaigh an Dr. Doyle iarfhocal a sholáthar chun gabháil leis an athbhreithniú ceithre bliana seo ar an tionchar ag an Oifig agam. Beidh ardmheas ar dhréacht Dr. Doyle ag daoine le spéis acu i ndíospóidí a réiteach agus a bhreithniú i gcomhthéacs míleata, agus táim faoi chomaoin aici, ar ndóigh, as dréacht a chur ar fáil don tuarascáil seo.

*Tugadh cuireadh don Ombudsman aitheasc
a thabhairt ag an gcéad Chomhdháil
d'Institiúidí Ombudsman Míleata
i mBeirlín, a thionóil Coimisinéir Parlaiminte
na Gearmáine do na Fórsaí Armtha.*

Sliocht ó 'Buaicphointí 2009'

Rannóg VIII

Léargas Gearr ar Phríomhghníomhaíocht

Tugann an t-eolas thíos léargas gearr ar phríomhghníomhaíocht an OÓÉ i gcaitheamh na tréimhse ceithre bliana ó cuireadh i bhfeidhm é, ón 1 Nollaig 2005 go dtí an 31 Nollaig 2009.

Gearáin a Chur in Iúl

Ní féidir le comhaltaí ar seirbhís Óglaigh na hÉireann gearán a thaisceadh leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann go díreach. Ní foláir dóibh, ar an gcéad dul síos, a ngearán a chur isteach tríd an nós imeachta Óglaigh na hÉireann, Sásamh in Éagóracha (SiÉ). De réir an Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), ní foláir a leithéid seo de ghearáin a chur in iúl go foirmiúil i scríbhinn, dá ngairtear Fógra Gearán (FG), don Oifig agam. Is féidir maoirseacht thábhachtach neamhspleách a dhéanamh ar an bpróiseas inmheánach casaoide míleata leis an nuálaíocht seo.

Fuair OÓÉ 589 bhFógra Gearán i gcaitheamh na tréimhse a thagann faoin tuarascáil seo.

Achomhairc taiscthe ag comhaltaí ar seirbhís Óglaigh na hÉireann leis an OÓÉ

Más rud é go bhfuil comhaltaí ar seirbhís Óglaigh na hÉireann míshásta le toradh an nós imeachta SiÉ, is féidir leis nó léi an cinneadh sin a achomharc chugam.

Ghlac mé le 131 achomharc, a measadh a bheith laistigh de théarmaí tagartha an OÓÉ, chun athbhreithniú a dhéanamh orthu, idir an 1 Nollaig 2005 agus an 31 Nollaig 2009.

Gearáin déanta leis an OÓÉ go díreach

Is féidir le hiarchomhaltaí Óglaigh na hÉireann a gcasoid a tharchur chugam go díreach. Ina theannta sin, tarchuirtear aon ghearán chugam go díreach a bhaineann le gníomhaíocht líomhnaithe státseirbhísigh.

Glacadh le 49 ngearán díreach, a measadh a bheith laistigh de théarmaí tagartha an OÓÉ, chun athbhreithniú a dhéanamh orthu, idir an 1 Nollaig 2005 agus an 31 Nollaig 2009.

Iomlán na gcásanna a ndearnadh athbhreithniú iomlán orthu

Glacadh le 180 achomharc agus gearán, idir an 1 Nollaig 2005 agus an 31 Nollaig 2009, a ndearnadh athbhreithniú orthu.

Gearáin agus achomhairc a tarchuireadh chuig an OÓÉ a measadh a bheith lasmuigh de na téarmaí tagartha

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009

OMBUDSMAN D'ÓGLAIGH
NA hÉIREANN

De bhreis ar na cásanna thuas, tarchuireadh 205 achomharc agus gearán eile chuig an OÓÉ i gcaitheamh na tréimhse seo, a measadh a bheith lasmuigh de na téarmaí tagartha.

Cúiseanna chun gearáin nó achomhairc a dhéanamh

Is é seo a leanas miondealú ar chúiseanna gearáin don tréimhse gníomhaíochta ceithre bliana a thagann faoin tuarascáil seo:

	CÉATADÁN
GAN A BHEITH ROGHNAITHE D'ARDÚ CÉIME	35
IOMPAR MÍCHUI / BULAÍOCHT	21
DROCHRIARACHÁN	17
GAN A BHEITH ROGHNAITHE DO CHÚRSA SLÍ BHEATHA	15
NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN A BHAINNEANN LE SLÍ BHEATHA	8
GAN A BHEITH ROGHNAITHE DO SHEIRBHÍS THAR LEAR	4

Níor glacadh le gearáin nó achomhairc ar bith maidir le gnéaschiapadh i gcaitheamh na tréimhse ama a thagann faoin tuarascáil seo.

Iomlán na dTuarascálacha Deiridh Eisithe

Sa tréimhse a thagann faoin athbhreithniú ceithre bliana seo, d'eisigh mé 110 dTuarascáil Deiridh inar cuimsíodh na cinntí agus moltaí a thug mé don Aire Cosanta.

*Thug an tOmbudsman aitheasc os comhair lucht
féachana idirnáisiúnta ar an gcúrsa ‘Oiliúnóirí a
Oiliúnú’ ag Scoil Oiliúna na Náisiún Aontaithe
in Éirinn (SONAÉ), Airmheán Traenála Óglaigh
na hÉireann, Campa an Churraigh.*

Sliocht ó ‘Buaicphointí 2009’

Rannóg IX

Éachtaí

Saol Óglaigh na hÉireann a Fheabhsú do Gach Uile Dhuine

Is léargas é seo a leanas ar na príomhathruithe beartais agus riaracháin a tugadh isteach nó a bhreithnítear orthu faoi láthair in Óglaigh na hÉireann, bunaithe ar na moltaí sna Tuarascálacha Deiridh agam a cuireadh faoi bhráid an Aire Cosanta agus an Cheann Foirne.

Déantar tagairt do staidéir cháis sna Tuarascálacha Bliantúla 2006-2009 agam nuair is ábhartha. Cuirtear staidéir cháis ó na Tuarascálacha Bliantúla agam san áireamh, chun léargas a sholáthar ar an bpróiseas cinnteoireachta a úsáidtear chun breithniú ar chásanna aonair agus ar na cinntí agus moltaí.

Níorbh fhéidir na staidéir cháis seo a chur san áireamh sna Tuarascálacha Bliantúla gan dea-thoil agus comhar a fháil ó na comhaltaí agus iarchomhaltaí Óglaigh na hÉireann a tharchuireann cásanna chuig an Oifig agam. Táim an-bhuíoch do na comhaltaí agus na hiarchomhaltaí a thug cead dom staidéir ar a gcásanna aonair a chur san áireamh sna Tuarascálacha Bliantúla agam.

Nósanna imeachta nua eatramhacha roghnúcháin do chúrsaí slí bheatha agus seirbhís thar lear

In Iúil 2006, thug an Ceann Foirne nósanna imeachta nua eatramhacha roghnúcháin isteach, le héifeacht láithreach, de dhroim na moltaí agam. Dhírigh na nósanna imeachta nua seo ar roinnt saincheistanna, a ainmníodh sna Tuarascálacha Deiridh agam chun athchóiriú a dhéanamh orthu.

Bhí éifeacht láithreach agus shuntasach ag an bhforbairt seo. Sa bhliain 2006, bhí 46% de na cásanna a phléigh mé leo comhdhéanta de ghearáin nó achomhairc, a bhain le nósanna imeachta roghnúcháin do Chúrsaí Slí Bheatha agus Seirbhís Thar Lear. Tar éis do na nósanna imeachta nua eatramhacha roghnúcháin a thabhairt isteach, tháinig laghdú tábhachtach ar an méid cásanna a tarchuireadh chugam maidir leis na hábhair seo. Mar shampla, sa bhliain 2007, tháinig laghdú ar a leithéid seo de chásanna go dtí 17% de na cásanna a ndearnadh imscrúdú orthu.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Staidéar Cáis 2, Tuarascáil Bhliantúil 2006, Staidéar Cáis 4, Annual Report, 2006 agus Staidéar Cáis 5, Tuarascáil Bhliantúil 2006.

Rochtain ar chomhaid phearsanta

I Samhain 2007, ar ordú ón gCeann Foirne, tugadh cead do na céimnigh go léir athbhreithniú a dhéanamh ar a gcomhaid phearsanta. Is forbairt thábhachtach é seo, mar bhí ceistanna ann, in a lán de na cásanna a tarchuireadh chugam, go háirithe maidir le neamh-roghnú d'ardú céime, a bhain le hiomláine agus cruinneas an eolais i gcomhaid phearsanta na gcomhaltaí nó na n-iarchomhaltaí, go háirithe maidir le cúrsaí a chríochnú agus critéir cháilitheacha eile.

Bhí inní orm faoi, agus Oifig OÓÉ á bunú ar dtús, nuair a bhí scrúdú á dhéanamh agam ar na cásanna, gur cheap roinnt Gearánach go raibh sé riachtanach iarratais Shaorála Faisnéise a chur isteach ar eolas an-bhunúsach. Tá áthas orm go bhfuil an ceart ag comhaltaí anois, scrúdú cruinnis a dhéanamh ar a gcomhaid phearsanta.

Córas trédhearcach marcála do chomórtais ardú céime

Mar a thugtar faoi deara thuas, is údar achrainn é fós, do mhórán de chomhaltaí Óglaigh na hÉireann, nár roghnaíodh iad d'ardú céime, agus léirítear é seo sna cásanna go léir den saghas seo a bhfuil imscrúdú déanta ag an Oifig agam orthu.

Don chéad uair sa bhliain 2006, mhol mé gur chóir maitrís mharcála a thabhairt isteach le haghaidh nósanna imeachta ardú céime. Maitrís thrédhearcach mharcála, a bheadh ar fáil do na hiarrthóirí go léir tar éis don phróiseas a bheith curtha i gcrích, ba chóir go mbeadh roinnt mhaith léi chun díriú ar mhórán de na cúraimí a thugtar ar aird ina leithéid seo de ghearáin. Cé nach féidir le haon rud díomá na n-iarrthóirí nach n-éiríonn leo a scaoileadh, ba chóir go gcabhródh córas marcála le hoibiachtúlacht a thaispeáint agus le haithint chlaonta a chosc.

Bhí áthas orm tuairisc a thabhairt gur bhunaigh an Ceann Foirne Grúpa Staidéir sa bhliain 2007 chun breithniú ar chórais chuí mharcála. Faoi 2008, cuireadh in iúl dom go raibh an Fóram Idir-Réitigh agus Eadrána beagnach críochnaithe le breithniú ar na dréacht-rialacháin nua (Treoir Riaracháin A2), a chuirfeadh samhail nua ardú céime i gcrích do phearsanra liostáilte.

I Bealtaine 2009, mar fhreagra ar cheann amháin de na Tuarascálacha Deiridh agam, dúirt an tAire arís go raibh sé tiomanta dá leithéid de struchtúr a thabhairt isteach.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Staidéar Cáis 3, Tuarascáil Bhliantúil 2007, Staidéar Cáis 2, Tuarascáil Bhliantúil, 2008, Staidéar Cáis 3, Tuarascáil Bhliantúil 2008 agus Staidéar Cáis 10, Tuarascáil Bhliantúil, 2009.

Torthaí ón agallamh ardú céime agus aiseolas ón bpróiseas roghnúcháin a chur in iúl

Bhí easpa comhsheasmhachta san earnáil thábhachtach seo le feiceáil in a lán de na cásanna a tarchuireadh chugam agus cuireadh béim ar an tsaincheist sna Tuarascálacha Bliantúla 2007 agus 2008 agam. Rinneadh trácht áirithe ar thorthaí a chur in iúl d'iarrthóirí ar scor nó ar seirbhís thar lear.

Tá súil agam go ndéanfar dul chun cinn suntasach maidir leis an tsaincheist seo nuair a fhógrófar na dréacht-rialacháin nua.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Staidéar Cáis 1, Tuarascáil Bhliantúil 2006 agus Staidéar Cáis 10, Tuarascáil Bhliantúil 2009.

Próiseas achomhairc do na hiarrthóirí ardú céime nach n-éiríonn leo

D'aontaigh an Ceann Foirne liom nuair a mhol mé gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar Alt 114 den Acht Cosanta, chun éascaíocht a dhéanamh do mhearphróiseas achomhairc do na hiarrthóirí ardú céime nach n-éiríonn leo. I roinnt cásanna, níor cuireadh an ceart achomhairc seo in iúl do na comhaltaí, agus níorbh fhéidir sochar ar bith a bhaint as, ar ndóigh, má úsáideadh é lasmuigh den tréimhse ama ina ainmníodh an ceapachán nua.

Ba léir ón imscrúdú a rinne mé ar roinnt cásanna, go bhfuil sé riachtanach feabhas a chur ar an tslí a dhéantar poist a fhógairt ar dtús. Trí na critéir 'riachtanacha' agus 'inmhianaithe' phoist go léir a chur san áireamh, bhunófaí céim shoiléire a theastaigh léi.

Thug an tAire Cosanta dearbhú go dtacaíonn sé go hiomlán le hiarrachtaí an Cheann Foirne chun díriú ar an tsaincheist seo.

Tagairt a dhéanamh in agallamh do chomhaltas in eagraíocht ionadaíochta nó do bheith páirteach inti

Sa bhliain 2008, ghlac an Ceann Foirne mar chúram air féin ordú a thabhairt chun nósanna imeachta a athchóiriú, a chinnteodh nach dtabharfaí aird ar an tsaincheist seo agus agallamh ar siúl.

Athchóiriú ar thuairiscí measúnaithe feidhmíochta

Is cuid thábhachtach iad tuairiscí measúnaithe feidhmíochta – dá ngairtear tuairiscí AF 677 laistigh d'Óglaigh na hÉireann – den chóras ardú céime agus struchtúr forbartha feidhmíochta laistigh d'Óglaigh na hÉireann.

Tugadh saincheisteanna ar aird i roinnt de na cásanna a achomharcadh chugam maidir le hiomláine agus cruinneas na AF 667nna agus conas a úsáidtear iad i gcaitheamh an nós imeachta roghnúcháin. Cuireann na Gearánaigh in iúl go minic go bhféadfadh nach raibh an tOifigeach i gCeannas, a chomhlíonann an AF 667, i dteagmháil go minic leis an gcomhalta nó nach raibh ach beagán eolais aige ar an gcomhalta.

Sa bhliain 2008, mhol mé gur chóir soiléire a bhaint amach sa réimse seo. Tháinig feabhas ar an scéal tar éis cead a thabhairt do chomhaltaí Óglaigh na hÉireann a gcomhaid phearsanta a rochtain, ach ní foláir athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras eisiúna do thuairiscí measúnaithe.

Saoire bhliantúil a chur ar ceal

Ábhar casaoide a bhí ann nuair a cuireadh saoire bhliantúil ar ceal gan cúiseanna a bheith leis nó gan éisteach le cúiseanna faoi cén fáth nár chóir í a chur ar ceal. Tá tionchar díreach ag an tsaincheist freisin ar shaol teaghlaigh agus ar shocruithe pearsanta de chuid chomhaltaí Óglaigh na hÉireann. Tar éis moladh a bheith déanta agam sa bhliain 2008, díreofar anois ar an tsaincheist seo sa Dréacht-Rialachán nua Óglaigh na hÉireann A11, atá athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair tríd an Fóram Idir-Réitigh agus Eadrána.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Staidéar Cáis 1 sa Tuarascáil Bhliantúil 2008.

Taifid a Rochtain Roimh Agallamh

Ag leanúint na moltaí agam i dTuarascáil Deiridh a eisíodh sa bhliain 2006, bíonn rochtain ag gach comhalta den phearsanra liostáilte anois ar an bhfoirm AF 43A aige/aici sula gcuirtear fochomhad le chéile don Bhord Agallaimh. Cuireann an nós imeachta seo ar chumas gach comhalta den phearsanra scrúdú a dhéanamh ar chruinneas na foirme AF 43A aige/aici agus béim a leagan ar aon easnaimh nó earráidí. Tuigim anois go bhfuil na hiarrthóirí, a d'fhéadfadh páirt a ghlacadh sa phróiseas roghnúcháin, freagrach as scrúdú a dhéanamh ar a gcomhaid roimh an chomórtas ardú céime nó phróiseas roghnúcháin.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Staidéar Cáis 2, Tuarascáil Bhliantúil 2007.

Teimpléad a thabhairt isteach do thuairiscí ag Oifigeach Imscrúdaithe Míleata (OIM)

De dhroim na moltaí sa Tuarascáil Deiridh agam ar chás a cuireadh isteach sa bhliain 2006, d'aontaigh an tAire Cosanta agus an Ceann Foirne liom nuair a mhol mé go raibh sé riachtanach athchóiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta do thuairiscí ag Oifigh Imscrúdaithe Míleata, tuairiscí a cuireadh le chéile agus imscrúdú SiÉ á dhéanamh. Fuair mé nár chóir na hagallaimh i gcaitheamh na himscrúduithe seo a chur ar téip.

Próiseas Achomhairc Dóibh Siúd Nach nÉiríonn Leo sna Próisis Roghnúcháin

Ghlac an tAire Cosanta go cinnte liom sa bhliain 2007, nuair a mhol mé gur chóir an tréimhse ama, struchtúr agus na nósanna imeachta a shoiléiriú, a bhaineann le mear-achomhairc dóibh siúd nach n-éiríonn leo sna próisis roghnúcháin.

Cáilíocht do ‘Stríoc an Stáit’

Is ardú céime é ‘Stríoc an Stáit’ chuig Sáirsint, a dhéantar ar shon “seirbhís inmholta nó iompar dearscna”. Ba é an toradh a bhí ar chás a cuireadh faoi mo bhráid chun athbhreithniú a dhéanamh air sa bhliain 2007, ná go ndearnadh scrúdú mionsonraithe ar an tsaincheist seo agus gur aithníodh easpa soiléire nó sainmhíntithe ar leith maidir le cad a chuirfí san áireamh mar sheirbhís inmholta nó iompar dearscna. Mhol mé sa Tuarascáil Deiridh agam go raibh sé riachtanach an téarmaíocht a úsáidtear maidir le ‘Stríoc an Stáit’ a shoiléiriú. Is próiseas lánroghnach ardú céime é ‘Stríoc an Stáit’ chun ionchais ardaithe agus díomá nimhneach a sheachaint ó na daoine a cheap siad go mbeadh siad incháilithe.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Staidéar Cáis 1, Tuarascáil Bhliantúil 2007.

Taifid ó na Boird Agallaimh a Choimeád

Cuireadh cás faoi mo bhráid chun athbhreithniú a dhéanamh air sa bhliain 2008, a bhain leis an tsaincheist leathan ina gcoimeádtar taifid a bhí in úsáid ag na Boird Agallaimh.

Sa Tuarascáil Deiridh agam maidir leis an gcás seo, leag mé béim ar an tsaincheist seo go háirithe, mar b'éigean dom cás a bhreithniú agus an Oifig agam á bhunú ar dtús, nuair a ghlac an tAire leis an moladh agam gur chóir tuairiscí agus nótaí an Bhord Agallaimh a choimeád ar feadh tréimhse cúig bliana. Ach sa chás seo, áfach, níor cuireadh an cleachtais seo i bhfeidhm. Thug an Ceann Foirne ordú ina dhiaidh sin gur chóir athbhreithniú rialúcháin a dhéanamh ar thaifid na mBord Agallaimh a choimeád, chun a chinntiú gur cloíodh leis an moladh agam roimhe sin.

Cúnamh idirnáisiúnta: Meitheal Saineolaithe na hEagraíochta um Shláindáil agus Chomhoibriú san Eoraip (OSCE)

I Nollaig 2006, tugadh cuireadh dom a bheith i mo chomhalta den mheithealaine OSCE a bhí ag glacadh páirte in dtionscadal bunaithe ar an tionscnamh ‘An Saoránach faoi Éide’. Bhí an tionscadal á stiúradh ag Oifig OSCE na nInstitiúidí Daonlathacha agus Cearta Daonna (ODIHR) agus an Lárionad do Rialú Daonlathach ar na bhFórsaí Armtha (DCAF), atá bunaithe sa Ghinéiv.

I Bealtaine 2008, tháinig an tionscadal chun deireadh nuair a foilsíodh ‘*The Handbook on Human Rights and Fundamental Freedoms of Armed Forces Personnel*’ (Lámhleabhar ar Chearta Daonna agus Saoirsí Bunúsacha de Phearsanra na bhFórsaí Armtha). Thug mé spreagaitheasc ag lainseáil an doiciméid ag an gceanncheathrú OSCE i Vín.

Is mór an sólás croí go háirithe go bhfuil tionchar ag an obair a rinne an Mheitheal Saineolaithe ar an gcultúr míleata agus ar thuairimí maidir le cearta daonna. I Nollaig 2008, foilsíodh an Dara Tuairisc ag an nGrúpa Monatóireachta Neamhspleách, a bunaíodh tar éis na tuairisce úrnua ag Dr. Eileen Doyle *'The Challenge of a Workplace'* (Dúshlán an Ionaid Oibre). Úsáideadh an Lámhleabhar a chuir an Mheitheal Saineolaithe le chéile chun eolas a sholáthar do ghnéithe oibre den Dara Tuairisc. Sa bhliain 2009, tugadh do phribhléid dom freisin aitheasc a thabhairt do Scoil Oiliúna na Náisiún Aontaithe in Éirinn (SÓNAÉ), Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, Campa an Churraigh, a rinne scrúdú ar na príomhthéamaí a chuimsítear sa Lámhleabhar ag an Meitheal Saineolaithe OSCE/ODIHR.

Taispeánann páirteachas OÓÉ sa tionscadal seo, nádúr forleathan na hOifige agus an obair a chuirtear de chúram uirthi. Tá Éire ar cheann den líon beag tíortha a bhfuil Ombudsman reachtúil, neamhspleách bunaithe aici chun maoirseacht a dhéanamh ar chleachtais riaracháin mhíleata agus nósanna imeachta casaoide. Ó bunaíodh an Oifig agam, tá an-suim ag páirtithe idirnáisiúnta inti ó shin i leith, agus taispeánann sí go bhfuil sí ullamh eolas agus taithí a mhalartú le dlínsí eile ar athchóiriú a dhéanamh ar na socruithe atá i bhfeidhm acu, chun maoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta gearáin nó chun Oifig an Ombudsman a bhunú.

*D'oibrigh Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann agus
an tOmbudsman do Phinsin, an tUasal Paul Kenny,
as lámha a chéile, agus iarrachtaí á ndéanamh
acu chun a bhunú cé acu arbh fhéidir díospóidí
a réiteach, a bhain le pinsin, nach raibh cead
ag OÓÉ imscrúdú a dhéanamh orthu.*

Sliocht ó 'Buaicphointí 2009'

Rannóg x

Iarfhocal ag Dr. Eileen Doyle

Is cúis mhór áthais dom bheith comhcheangailte leis an gcuntas trédhearcach seo ar na chéad cheithre bliana den Oifig OÓÉ. Séard atá sa tuarascáil ná oireas stairiúil ar sheirbhís dhlíthiúil agus daonna sách uathúil agus í mar aidhm aige ‘an saol a fheabhsú’ do na daoine ar sheirbhís mhíleata ar son na hÉireann sa bhaile agus thar lear.

Tá an OÓÉ ann de bharr buanseasmhacht agus misnigh Comhlachas Ionadaitheach Chéimnigh Eile na mBuan-Óglach (CICEBÓ) ach go háirithe, Cumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnta (CIOC), an cheannaireacht mhíleata agus An Roinn Cosanta, chun sármhaitheas eagraíochtúil a chur chun cinn. Caithfear aitheantas a thabhairt d’oscailteacht agus do mhuinín na bhfear agus na mban a bhain úsáid as an OÓÉ go dáta. Ba cheart go mbeadh gach duine bródúil as an méid atá bainte amach ó Nollaig 2005 ar aghaidh.



Tá dul chun cinn déanta sa réimse casta maidir le roghnú agus ardaithe céime – cé go bhfuil dúshlán ann fós. D’fhéadfadh tionchar gheilleagar na hÉireann dul i gcion ar an duine aonair agus ar a chlann, agus d’fhéadfadh na torthaí cuilithigh maidir le ‘neamh-roghnú’ nó ‘teip’ mheabhairbhraite a bheith níos déine dóibh. Tá sé soiléir go dtacaíonn an tOmbudsman le saincheisteanna forbartha, ceannaireachta agus cruthaitheachta a chur chun cinn go leantach. Mar sin is táscaire í an tuarascáil seo d’fhorbairt agus do fhreagracht sa todhchaí.

Cheana féin tá gnéithe den Oifig OÓÉ roghnaithe ag beirt oifigeach mar topaicí tráchtas. Moltar é seo agus aontaíonn sé le béim an Rialtais ar thaighde agus ar fhorbairt.

Taispeánann stair Óglaigh na hÉireann go bhfuil sé ar a gcumas a gcion féin a dhéanamh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá tionchar i bhfad níos mó ag na fir agus na mná seo ná an méid díobh atá ann agus na hacmhainní a chuirtear ar fáil dóibh. Mar an gcéanna, tá tionchar cheana féin ag an gcéad OÓÉ, Paulynn Marrinan Quinn, SC, ar fhorbairtí idirnáisiúnta, in ainneoin na sriantachtaí reatha geilleagracha. Tá aitheantas idirnáisiúnta bainte amach aici don Oifig lena rannpháirtíocht san OSCE-ODIHR, DCAF, CMC, agus *‘The Handbook on Human Rights and Fundamental Freedoms of Armed Forces Personnel’* (Lámhleabhar ar Chearta Daonna agus Saoirsí Bunúsacha de Phearsanra na bhFórsaí Armtha) (2008). Tá pointe cóimheasa an-ard leagtha síos do na daoine a cheapfar mar shealbhóirí ar an Oifig OÓÉ sa todhchaí.

Uaireanta feictear an dúshlán is mó sa dara tréimhse den fhorbairt eagraíochtúil nuair a bhíonn cúlú tagtha ar scleondar agus ar úrnuacht chun tosú as an nua. Déanfar triail arís ar leanúntas mhuinín in eagraíocht nó in institiúid. De réir a nádúir ní chuirfear críoch go deo le hobair an OÓÉ mar bíonn sármhaitheas eagraíochtúil do dhaoine agus le daoine á lorg ag an OÓÉ i gcónaí.

De bhuille scoir, is é an ‘duine’ atá tábhachtach in aon ‘Oifig’. Tá an t-ádh linn in Éirinn go bhfuil Paulynn Marrinan Quinn, SC ag obair sa tír seo – bean le han-chuid taithí dhlíthiúil go deo aici, le breithiúnas fóna cruthaithe agus le tuiscint dhomhain ar an nádúr daonna.

Ombudsman d'Ógligh na hÉireann
13/15 Sráid Haiste Íochtarach, Baile Átha Cliath 2

t + 353 1 663 3222

f + 353 1 663 3223

g www.odf.ie

r admin@odf.ie